Leanann an tÚdarás le hionchúiseamh a ghlacadh i leith iad siúd a chuireann seirbhísí neamhcheadúnaithe slándála ar fáil. Is deas liom a rá gur tháinig laghdú ar líon na n-ionchúiseamh siúd in 2012, a léiríonn leibhéal mhéadaithe chomhlíonta acu siúd go léir sa tionscal. Ina ainneoin sin, tá go fóill mionlach a leanann le hoibriú gan cheadúnas agus ní ghlacfaidh an PSA ná na Cúirteanna leis seo, faoi mar a léiríonn na hionchúisimh rathúla a ghlacadh i rith 2012 le fios, lena n-áirítear an t-ionchúiseamh a ghlacadh i leith úinéir áitribh cheadúnaithe as foireann neamhcheadúnaithe dorais a fhostú.

Ní fhéadfaimis an rath a bhí orainn le monatóireacht a dhéanamh ar an tionscal agus leis na hionchúisimh rathúla a bhaint amach murach ár gcomhoibriú dlúth lenár gcomhghleacaithe i gcomhlachtaí eile Stáit. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le tacaíocht agus le cúnamh leanúnach an Gharda Síochána agus na gCoimisinéirí Ioncaim i dtaca le cabhair a thabhairt don Údarás lena n-obair chomhlíonta, go háirithe ina n-íniúchtaí istoíche. Braitheann an tÚdarás ar na Coimisinéirí Ioncaim, chomh maith, faoi théarmaí ár gComh-Mheabhráin Tuisceana maidir le comhlíonadh cánach a choimeád laistigh den tionscal agus i dtabhairt faoi chomhiniúchtaí leis an PSA.

Ina theannta sin, tá an tuarascáil seo curtha i dtoll a chéile sa bhliain deiridh den Bhord reatha faoi Chathaoirleacht an Uasail Ronan King. Is mian liom iarrachtaí gach Baili den Bhord a aithint le ceithre bliana anuas, go háirithe an tUasal Kevin McManus agus an tUasal Bill Brown a chríochnaigh dhá théarma bheith mar bhaill den Bhord ó bunaíodh an tÚdarás i dtosach báire. I gcaitheamh a ama mar Chathaoirleach, threoraigh Ronan King an rialáil ar mhaithe leis an bpobal, agus i gcomhthráth, chuir sé san áireamh cúrsaí réalaíocha reatha geilleagrach don tionscal agus dá gcliaint. Táim ag tnúth le leanúint leis an leagáid seo leis an mBord nua faoi Chathaoirleacht an Uasail Noel Lappin.

Geraldine Larkin  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# **Mír 1:**

## **Cé Muid agus Cad é a Dhéanaimid**

## CÉ MUID

Is é atá san Údarás Slándála Príobháidí (PSA), a bunaíodh de bhun an Achta um na Seirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011, ná an comhlacht reachtúil le freagracht do cheadúnú agus rialáil an tionscail slándála príobháidí in Éirinn. Tá ceanncheathrú an Údaráis suite i mBaile Thiobraid Árann, le Foireann Forfheidhmithe atá lonnaithe ar fud na hÉireann.

Tá an tÚdarás neamhspleách ó thaobh chleachtadh a gcuid feidhmeanna. Is éard atá i mBord an Údaráis, ar a bhfuil an tUasal Ronan King ina chathaoirleach, ionadaithe an lucht dlí, fostóirí agus fostaithe slándála príobháidí, an Garda Síochána agus ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha rialtais.

Aithníonn an reachtaíocht a bhunaigh an PSA, 8 réimse fhairsinge soláthair shlándála atá le rialáil. Is iad seo a leanas na réimsí:

- Doirseoir
- Soláthróir nó Suiteálaí Trealamh Slándála
- Imscrúdaitheoir Príobháideach
- Comhairleoir Slándála
- Garda Slándála
- Soláthróir Cineálacha Cosanta Iompair (CIT)
- Glasadóir
- Soláthróir nó Suiteálaí Taisceadán

## Bord an Údaráis Slándála Príobháidí

An tUasal Ronan King (Cathaoirleach)

An tUasal Kevin McMahon, Ionadaí na bhFostaithe

An tUasal Ann Reid, Ionadaí na bhFostaithe

An tUasal Bill Brown, Ionadaí an Fhostóra

An tUasal Martin Stairs, Ionadaí an Fhostóra

An tUasal Ronan Maguire, Ionadaí Dlí

An tUasal Michael O’Keeffe, Ionadaí an Aire

An tUasal Nano Ryan, Ionadaí Foirne

An tUasal Derek Byrne, Coimisinéir Cúnta

An tUasal Oonagh McPhillips, an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

1 Fholúntas

Bhí 5 chruinniú ag an mBord le linn na bliana agus tugtar sa tábla thíos achoimre ar fhreastal ar na cruinnithe seo.

Ball den Bhord	06/02/12	26/03/12	16/07/12	24/09/12	19/11/12
Ronan King	√	√	√	√	√
Kevin McMahon	x	√	√	√	√
Ann Reid	√	√	x	√	√
Bill Brown	√	√	√	√	√
Martin Stairs	√	√	√	√	√
Ronan Maguire	√	√	√	√	√
Michael O’Keeffe	√	√	√	x	√
Nano Ryan	√	√	√	√	√
Derek Byrne	√	x	√	x	√
Oonagh McPhillips	√	√	x	√	x

Anuas air sin, bhí na cruinnithe a leanas ag Coiste Iniúchta an Bhoird, ina raibh Michael O’Keeffe agus Ronan Maguire.

Ball den Bhord	20/03/12	24/10/12
Michael O’Keeffe (Cathaoirleach)	√	√
Ronan Maguire	√	√



## ÁR RÓL

An príomhról atá againn ná cinntiú gurb ionstraim bheo é ceadúnas an PSA agus a léiriú ní hamháin gur baineadh amach na caighdeáin cheadúnaithe ach go bhfuil siad á gcothabháil go buan ag na ceadúnaithe.

- Rialú agus maoirsiú na ndaoine sin a sholáthraíonn seirbhísí slándála agus cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán i soláthar na seirbhísí sin.
- Deonú agus athnuachan na gceadúnas.
- Eisiúint cártaí aitheantais do na ceadúnaithe.
- Cur ar fionraí agus cealú na gceadúnas.
- Bunú agus cothabháil cláir cheadúnaithe.
- Sonrú na gcaighdeán sin atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála á soláthar.
- Sonrú na gcáilíochtaí nó na riachtanas sin a theastaíonn do dheonú ceadúnas.
- Tabhairt faoi nó coimisiúnú na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí sin atá riachtanach do phleanáil, d'fhorbairt agus do sholáthar na seirbhísí sin.
- Imscrúdú na seirbhísí slándála atá á gcur ar fáil ag aon duine.
- Bunú agus riar córais imscrúdaithe agus breithnithe gearán.
- Monatóireacht sholáthar na seirbhísí slándála príobháidí go ginearálta.
- Déanamh tadhaill leis na ceadúnaithe.
- Comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi aon cheisteanna a bhaineann leis na feidhmeanna thuasluaite agus an tAire a chur ar an eolas faoi na forbairtí sin a bheadh ina gcabhair d'fhorbairt beartais.

## ÁR RÁITEAS MISIN

Is é misean an Údaráis Slándála Príobháidí:

**Gníomhaíochtaí iad siúd atá bainteach sa tionscal slándála príobháidí a rialú lena chinntiú go gcosnaítear go hiomlán leas tomhaltóirí trí chur chun cinn, monatóireacht a dhéanamh, agus trí cheanglais cheadúnaithe a fhorfheidhmiú.**

Tá an PSA freagrach as córas cuimsitheach ceadúnaithe a thabhairt isteach, a rialú agus a bhainistiú. Is iad príomhfhreagrachtaí an Údaráis iad siúd a cheadúnú a chuireann seirbhísí slándála ar fáil agus is é an príomhchuspóir feabhas a chur ar chaighdeán i soláthar na seirbhísí seo agus na caighdeán seo a choimeád. Oibríonn an tÚdarás i bpáirtíocht leis an tionscal. Baineann gach duine sochar as na caighdeán sa tionscal a ardú agus cinntíonn sé nach bhfuil gnólachtaí dlisteanacha faoi mhíbhuntáiste san áit mhargaidh. Ba é tasc an PSA é seo a bhaint amach trí chóras caighdeán, cosanta agus forfheidhmithe.

Tá an PSA freagrach, trína mBord, ina bhfuil ionadaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe slándála príobháidí, an lucht dlí, an Garda Síochána agus na ranna cuí Rialtais, agus oibríonn siad go neamhspleách faoi na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011 leis an sainordú reachtúil a leanas:

- Rialú agus maoirsiú na ndaoine sin a sholáthraíonn seirbhísí slándála agus cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán i soláthar na seirbhísí sin.
- Deonú agus athnuachan na gceadúnas.
- Eisiúint cártaí aitheantais do na ceadúnaithe.
- Cur ar fionraí agus cealú na gceadúnas.
- Bunú agus cothabháil cláir cheadúnaithe.
- Sonrú na gcaighdeán sin atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála príobháidí á soláthar.
- Sonrú na gcáilíochtaí nó na riachtanas sin a theastaíonn do dheonú ceadúnas.
- Tabhairt faoi nó coimisiúnú na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí sin atá riachtanach do phleanáil, d'fhorbairt agus do sholáthar na seirbhísí sin.
- Imscrúdú na seirbhísí slándála atá á gcur ar fáil ag aon duine.

- Bunú agus riar córais imscrúdaithe agus breithnithe gearán.
- Monatóireacht sholáthar na seirbhísí slándála príobháidí go ginearálta.
- Déanamh tadhail leis na ceadúnaithe.
- Comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi aon cheisteanna a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis agus aon fhorbairtí a bheadh ina gcabhair d'fhorbairt beartais.

Ar an dóigh seo, forbróidh an tÚdarás cáilíocht na slándála príobháidí a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí agus don tionscal trí chaighdeáin ghairmiúlachta agus scileanna a ardú laistigh den tionscal slándála príobháidí. Is éard a bheidh mar thoradh air seo, dea-chleachtas a chur chun cinn agus a fhairsingiú i measc soláthróirí slándála príobháidí agus a bhfostaithe lena chinntiú go bhfuil ag na tomhaltóirí agus ag an bpobal mór an mhuinín is mó sa tionscal.

D'úsáid an tÚdarás cumhachtaí um rialú agus forfheidhmiú reachtúil chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse. Leanann an straitéis seo an misean seo sna limistéir siúd atá ceadúnaithe cheana féin trí chaighdeáin a ardú níos mó. I limistéir nár cuireadh tús le ceadúnú go fóill, leagann an tÚdarás amach an obair atá le déanamh chun tús a chur le rialú agus téitear i muinín na taithí rialaithe le sé bliana anuas. Tabharfar faoin obair seo ar bhealach a fhreastalaíonn ar an tomhaltóir ach a bheidh íogair i dtaobh riachtanais an mhargaidh i gcomhthráth agus bheith ag oibriú laistigh den tionscal slándála príobháidí ag an am céanna.

Aithníonn an tÚdarás gur meascán comhionann d'fhostaithe agus d'fhostóirí a chruthaíonn an tionscal slándála príobháidí. D'fhonn athrú a dhéanamh, teastaíonn tiomantas na bhfostaithe agus na bhfostóirí araon. Is tagairtí do rannpháirtíocht na bhfostaithe agus na bhfostóirí araon tagairtí don tionscal slándála príobháidí sa cháipéis seo.



**Mír 2:**

**Ár Spriocanna**

## ÁR SPRIOCANNA

Baintear gníomhaíocht as Ráiteas Misin an Údaráis Slándála Príobháidí trí shé phríomhspríoc a leagtar amach inár ndara Ráiteas Straitéise. Go hachomair, is iad seo a leanas na spriocanna:

**Spríoc 1:** Leanúint le rialú céimnithe an tionscail slándála príobháidí

**Spríoc 2:** Comhlíonadh ceanglais cheadúnaithe a chinntiú

**Spríoc 3:** Caighdeáin a ardú laistigh den Tionscal

**Spríoc 4:** Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht na Cumarsáide

**Spríoc 5:** Ár bhFoireann a Fhorbairt

**Spríoc 6:** An modh chun comhlíonadh caighdeáin cheadúnaithe a chruthú a athbhreithniú

## **Sprioc 1: Leanúint le rialú céimnithe an tionscail slándála príobháidí**

### **Ceadúnú Conraitheoirí**

#### **Athbhreithniú**

In 2012, tugadh isteach ceadúnú do chonraitheoirí sna hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV, agus chruthaigh seo dúshlán nua don Údarás. Faoi dheireadh na bliana, eisíodh 665 ceadúnas, lena n-áirítear 355 cás inar cuireadh na hearnálacha nua le ceadúnas reatha, as ar eascair ceadúnas athbhreithnithe a eisiúint don chonraitheoir. Léiríonn seo an líon is airde de cheadúnais chonraitheoirí a eisíodh i mbliain ar leith amháin.

B'ionann iomlán na dtáillí ceadúnaithe conraitheoirí agus €1,441,733 i gcomparáid le €763,450 in 2011. Is é an t-údar atá leis an difríocht ná an córas ceadúnaithe dhá bhliain agus méid níos mó athnuachana in 2010 agus in 2012. B'ionann an figiúr comhfhreagrach in 2010 agus €1,454,000.

#### **Fostaíocht agus Láimhdeachas Conraitheoirí**

Ag deireadh 2012, bhí 723 conraitheoir ceadúnaithe le hoibriú in 7 n-earnáil, i gcomparáid le 741 conraitheoir in 5 earnáil in 2011. Is ionann fostaíocht ag na conraitheoirí seo agus 19,052 duine (2011:19,313) agus sáraíonn an comhláimhdeachas amháil a nochtar sna foirmeacha iarratais €562 milliún (2011: €525 milliún).

#### ***Fostaíocht agus Láimhdeachas de réir Earnála do na Conraitheoirí Ceadúnaithe***

<b>Earnáil</b>	<b>Láimhdeachas (€)</b>	<b>Líon na bhFostaithe</b>
Doirseoir	15,389,000	1,823
Garda Slándála (Statach)	304,643,000	14,219
Garda Slándála (Monatóireacht)	35,685,000	467
Suiteálaí Trealamh Slándála	133,038,000	1,675
Airgead faoi Bhealach	73,904,000	868
<b>Iomlán</b>	<b>562,659,000</b>	<b>19,052</b>

*(Bunaithe ar shonraí a soláthraíodh i bhFoirmeacha Iarratais)*

## Próiseáil Iarratas

Le linn 2012, fuarthas 515 iarratas conraitheora as a raibh 151 díobh ina n-iarratas céaduaire agus 364 díobh ina n-iarratas athnuachana. Is ionann, agus sin san áireamh, 3,164 agus an líon iomlán iarratas a fuarthas ó tosaíodh ceadúnú conraitheoirí in 2006. Anuas air sin, rinne 355 conraitheoir ceadúnaithe iarratas ar Rialú Rochtana agus CCTV a chur lena gceadúnas reatha. Rinneadh 54 (10%) de na hiarratais a fuarthas tar éis iad a fháil mar gheall go raibh siad neamhbhailí mar gheall nár ghabh an cháipéisíocht riachtanach go léir leo. Rinneadh 47 de na hiarratais seo a athsheoladh ar aghaidh chugainn agus diúltaíodh 7 gcás ag deireadh na bliana. Diúltaíodh 10 n-iarratas bhreise tar éis gur theip orthu na ceanglais cheadúnaithe a chomhlíonadh.

### *Iarratais nua Chonraitheora de réir Earnála in 2012*

<b>Earnáil</b>	<b>Iarratais a Fuarthas</b>
Doirseoir	11
Garda Slándála (Statach)	21
Garda Slándála (Monatóireacht)	0
Suiteálaí (Rialú Rochtana)	103
Suitealaí (CCTV)	96
Suiteálaí (Aláirim Ionraidh)	74
Airgead faoi Bhealach	0
<b>Iomlán</b>	<b>305</b>

*(Féadfaidh conraitheoirí iarratas a dhéanamh ar bhreis agus earnáil amháin)*

Ní dhearna 56 (14%) de na 403 conraitheoir a bhí sceidealaithe lena gceadúnas a athnuachan i rith na bliana amhlaidh faoi dheireadh na bliana. Tá an ráta neamhathnuachana 14% níos lú ná an ráta 22% in 2011 agus is é an ráta is lú a cuireadh i dtaifead ó tosaíodh athnuachan ceadúnais chonraitheora in 2008.

Féadfaidh líon cúiseanna bheith ann gan ceadúnais a athnuachan, lena n-áirítear comhdhlúthú sa tionscal, athrú ar stádas dlíthiúil (mar shampla, aistriú ó thrádálaí aonair go dtí cuideachta theoranta) nó dúnadh gnó. Sa chás nár dheimhnigh an rannán an chúis a bhí leis an neamhathnuachan, cuirtear an cás faoi bhráid Rannán Forfheidhmithe an Údaráis lena chinntiú nach bhfuil an conraitheoir ag leanúint i mbun trádála.

*Miondealú na gConraitheoirí ar theip orthu a gceadúnas a athnuachan in  
2012 de réir earnála.*

	<b>DOIRSEOIR</b>	<b>GARDA SLÁNDÁLA (MONATÓIREACHT)</b>	<b>GARDA SLÁNDÁLA (STATACH)</b>	<b>SUITEÁLAÍ (ALÁRAIM IONRAIDH)</b>	<b>AIRGEAD FAOI BHEALACH</b>	<b>IOMLÁN</b>
Neamhathnu achan	6	1	17	39	0	63
<b>CÚISEANNA LE NEAMHATHNUACHAN</b>						
Trádáil Stoptha	6	0	12	28	0	46
Faoi Imscrúdú	0	0	4	11	0	15
Eile*	0	1	1	0	0	2
<b>IOMLÁN</b>	<b>6</b>	<b>1</b>	<b>17</b>	<b>39</b>	<b>0</b>	<b>63</b>

*(Féadfaidh conraitheoirí oibriú i mbreis agus earnáil amháin)*

*\*Cónascadh conraitheora nó tithcheangal ag conraitheoir ceadúnaithe eile*

Is ionann céatadán cheadúnais 2012 a rinneadh a athnuachan i ndiaidh an dáta éagtha agus 31%, arb ionann seo agus céatadán 2011. Anuas air sin, fuarthas 12 iarratas bhreise le linn 2012 ar cheadúnais a athnuachan a bhí éagtha in 2011. Cruthaíonn athnuachan dhéanach ceadúnas breis éilimh ar acmhainní an Údaráis agus leanaimid ag lorg bealaí chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo.

Thit tabhairt isteach ceadúnaithe chuig na hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV an 1 Deireadh Fómhair 2012. Faoi dheireadh na bliana, eisíodh 731 ceadúnas don dá earnáil ina raibh 364 ceadúnas le haghaidh Rialú Rochtana agus 367 le haghaidh CCTV. Sa mhullach air sin, b'ann do 112 iarratas a bhí ar feitheamh ó chonraitheoirí a raibh iarratas á dhéanamh acu ar na hearnálacha nua, 17 le haghaidh Rialú Rochtana, 10 le haghaidh CCTV agus 85 le haghaidh an dá earnáil. Tá tromlach na n-iarratas ag feitheamh le hiniúchtaí ó chomhlachtaí deimhnithe le comhlíonadh na gcaighdeán a theastaíonn le haghaidh ceadúnú a dheimhniú.



*Ceadúnais Chonraitheora a Eisíodh amhail an 31 Nollaig 2012*

<b>Earnálacha</b>	<b>Líon na gConraitheoirí</b>
Rialú Rochtana/CCTV/Aláirim Ionraidh	339
Garda Slándála (Statach)	139
Aláirim Ionraidh	129
Doirseoir/Garda Slándála (Statach)	50
Garda Slándála (Monatóireacht)	15
Garda Slándála (Montaóireacht)/Rialú Rochtana/CCTV/Aláirim Ionraidh	7
Airgead faoi Bhealach	8
Doirseoir	8
Garda Slándála (Statach)/Rialú Rochtana/CCTV/Aláirim Ionraidh	6
Doirseoir/Garda Slándála (Statach)/Rialú Rochtana/CCTV/Aláirim Ionraidh	5
Garda Slándála (Statach)/Garda Slándála (Monatóireacht)	4
Garda Slándála (Statach)/Garda Slándála (Montaóireacht)/Rialú Rochtana/CCTV/Aláirim Ionraidh	4
CCTV/Aláirim Ionraidh	4
Rialú Rochtana	1
Rialú Rochtana/CCTV	1
Doirseoir/Aláirim Ionraidh	1
Doirseoir/Garda Slándála (Statach)/Rialú Rochtana/CCTV	1
Garda Slándála (Monatóireacht)/Aláirim Ionraidh	1
<b>Iomlán</b>	<b>723</b>

**Socruithe Suiteála**

I nDeireadh Fómhair 2010, thug an tÚdarás áis um íocaíocht suiteála isteach le haghaidh conraitheoirí ag a bhfuil láimhdeachas faoi bhun €150,000 a raibh a gceadúnas á athnuachan acu. Rinne 74 conraitheoir iarratas ar an socrú suiteála agus deonaíodh an socrú dóibh uile le linn 2012. Is ionann anois 152 agus an líon socruithe a deonaíodh ó tugadh isteach an scéim.

**Socruithe Suiteála a Deonaíodh de réir Earnála**

<b>Earnáil</b>	<b>Deonaithe in 2012</b>	<b>An tIomlán a Deonaíodh</b>
Suiteálaithe Aláráim	63	134
Garda Slándála (Statach)	6	7
Garda Slándála (Statach) agus Doirseoir	2	6
Garda Slándála (Statach)/Garda Slándála (Monatóireacht)	2	2
Suiteálaí Aláráim/Garda Slándála (Statach)	1	1
Garda Slándála (Monatóireacht)	0	1
Doirseoir	0	1
<b>Iomlán</b>	<b>74</b>	<b>152</b>

Rinneadh ceadúnais triúr conraitheoirí a chúlghairm i rith na bliana a raibh socrú suiteála acu. Rinneadh cúlghairm amháin mar gheall gur theip ar an gconraitheoir íocaíochtaí a dhéanamh i gcomhréir le téarmaí an tsocraithe suiteála. Níl seo ach an dara conraitheoir a ndearnadh a cheadúnas a chúlghairm ar an gcúis seo. Rinneadh an dá cheadúnas eile a chúlghairm i rith théarma an tsocraithe suiteála mar gheall nár bhain na conraitheoirí an caighdeán amach a theastaíonn le haghaidh ceadúnú.

Is féidir an rath leanúnach atá ar an scéim a thabhairt faoi deara ón ráta laghdaitheach neamhathnuachana i measc conraitheoirí agus an líon beag conraitheoirí ar theip orthu le linn socrú sa tábla thíos.

**Comparáid idir Líon na gCeadúnas arna Eisiúint le haghaidh gach earnála ag deireadh na bliana**

*(Féadfaidh conraitheoirí oibriú i mbreis agus earnáil amháin)*

	<b>DOIRSEOIR</b>	<b>GARDA SLÁNDÁLA (MONATÓIREACHT)</b>	<b>GARDA SLÁNDÁLA (STATACH)</b>	<b>SUITEÁLAÍ (ALÁRAIM IONRAIDH)</b>	<b>AIRGEAD FAOI BHEALACH</b>	<b>GACH EARNÁIL</b>
<b>Nol 2006</b>	45	15	251	282	0	593
<b>Nol 2007</b>	53	19	278	490	0	840
<b>Nol 2008</b>	56	22	254	501	0	833
<b>Nol 2009</b>	71	26	263	491	0	851
<b>Nol 2010</b>	71	29	239	494	23	856
<b>Nol 2011</b>	65	30	233	490	26	844
<b>Nol 2012</b>	65	31	208	497	25	826

## **Cúlghairmeacha agus Cur ar Fionraí**

Caitheann an tÚdarás le ceadúnas amhail ionstraim bheo agus is gné thábhachtach den cheadúnú monatóireacht a dhéanamh ar an gconraitheoir i rith an cheadúnais dhá bhliain. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar stádas comhlíonta conraitheoirí ar fud chóras an cheadúnais. Sholáthair cónascadh na n-aonad ceadúnaithe agus forfheidhmithe pictiúr níos cuimsithí de thaifead comhlíonta na gconraitheoirí agus chuir sé ar chumas an Údaráis bheith níos réamhghníomhaí i ndéileáil le hábhair chomhlíonta.

Má theipeann ort ceanglais cheadúnaithe a chomhlíonadh, d'fhéadfaí do cheadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm. Ní cinneadh furasta é an cinneadh chun ceadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí agus is gá don Údarás tabhairt faoi phróiseas fadálach ag dul i dteagmháil leis an gconraitheoir sula mbaintear an chéim seo amach.

Rinneadh ceadúnais 25 conraitheoir a chúlghairm i mbliana, agus cuireadh dhá cheadúnas conraitheora ar fionraí ar feadh tréimhse. Anuas air sin, d'eisigh an tÚdarás Fógra Rabhaidh amháin, dhá Fhógra Foláirimh agus dhá Fhógra Iomardaithe do chonraitheoirí le linn na bliana mar gheall gur sáraíodh rialacháin cheadúnaithe.

As na 25 ceadúnas a cúlghaireadh in 2010, rinneadh 20 díobh de dheasca gur theip ar na conraitheoirí fianaise a sholáthar don Údarás go raibh ceadúnas reatha bailí acu; rinneadh dhá chúlghairm mar gheall gur theip ar chonraitheoirí an táille fhorordaithe cheadúnais<sup>4</sup> a íoc; rinneadh dhá chúlghairm mar gheall ar dhíscáoileadh na cuideachta agus rinneadh cúlghairm amháin mar gheall gur theip ar an gconraitheoir faisnéis a sholáthar don Údarás a iarradh de bhun Alt 13 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011.

## **Achomhairc**

Fuair Bord Achomhairc na Slándála Príobháidí 3 achomharc i leith chinntí an Údaráis in 2012 agus is ionann agus 51 líon iomlán na n-achomharc conraitheora a fuarthas go nuige seo. Seo an líon is lú achomhairc chonraitheora a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Achomhairc ó tosaíodh ceadúnú. Cuireadh an ceathrú hachomharc faoi bhráid an Bhoird Achomhairc ach rinne an conraitheoir é a aistarraingt ina dhiaidh sin. Bhain achomharc

---

<sup>4</sup> 1 of the two revocations for fees related to a 2011 case where the revocation did not come in to effect until 2012.

amháin leis an gcinneadh chun an t-iarratas a dhiúltú agus bhain 2 cheann le ceadúnais a chúlghairm.

**Stádas Achomhairc Chonraitheora de réir Earnála amhail an 31/12/2012**

<b>Earnáil</b>	<b>Achomhairc arna gCur ar Aghaidh</b>	<b>Seasadh leis an gCinneadh</b>	<b>Cuireadh an Cinneadh ar Ceal</b>	<b>Ag fanacht le Toradh</b>
Doirseoir	6	4	1	1
Garda Slándála (Statach)	20	10	6	4
Garda Slándála (Monatóireacht)	0	0	0	0
Suiteálaí (Aláirim Ionraidh)	33	19	14	0
Iomlán*	59	33	21	5

\* Baineann ocht n-achomharc le hiarratais in dhá earnáil agus is ionann an líon iomlán agus 51 agus iadsan san áireamh.

**Ordú Díolúine do Shuiteálaithe Aláirim**

Ó Mheán Fómhair 2007, féadfaidh iontrálaithe nua isteach san earnáil Suiteálaí (Aláirim Ionraidh) iarratas a dhéanamh ar Ordú Díolúine a ligeann don iarratasóir aláirim a shuiteáil ar mhaithe le Caighdeáin EN50131 agus SR40 a bhaint amach. Sula n-eisítear ordú díolúine, ní mór d'iarratasóir na riachtanais cheadúnaithe eile ar fad a chomhlíonadh. Is gnách go n-eisítear díolúintí ar feadh tréimhse sé mhí agus ceadáíonn siad 6 aláram ar a mhéid a shuiteáil. In 2012, eisíodh 72 díolúine, i gcomparáid le 35 in 2011. Eisíodh 283 díolúine ar an iomlán ó tugadh isteach an scéim in 2007.

Ag deireadh gach ráithe, foilsítear na díolúintí in Irish Oifigiúil agus ar ár láithreán gréasáin. Ina theannta sin, cuimsítear ar an láithreán gréasáin sonraí faoi gach díolúine reatha atá i mbun cúrsaíochta. Bhí 47 díolúine fós ag oibriú ag deireadh na bliana.

**Stádas na nDíolúintí Suiteálaí a eisíodh go dtí an 31 Nollaig 2012**

Iomlán na nDíolúintí Suiteálaí a Eisíodh	283
Ceadúnais a Eisíodh	204
Ceadúnais a Diúltaíodh	18
Iarratais ar Cheadúnas a Aistarraingíodh	14
Díolúintí atá Eisithe faoi Láthair	47

Inár dTuarascáil Bhliantúil 2011, d'fhógraíomar pleananna leis an díolúine a ionadú le haghaidh suiteálaithe ag a bhfuil ceadúnas nua sealadach tar éis go ndearnadh foráil don chéanna san Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Rinneadh an cinneadh ina dhiaidh sin chun moill a chur ar thabhairt isteach an cheadúnais shealadaigh go dtí i ndiaidh shíneadh an cheadúnaithe chuig na hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV. Tá sé anois beartaithe chun an ceadúnas a thabhairt isteach go luath in 2013.

Eiseofar an ceadúnas sealadach le haghaidh tréimhse 6 mhí agus beidh sé de chumhacht ag an Údarás an ceadúnas a shíneadh ar feadh tréimhse 9 mí sa bhreis air sin.

### **Cumarsáid**

D'eisigh an tAonad Ceadúnaithe Conraitheoirí 2,582 earra poist le linn na bliana, ar méadú 22% é seo ar 2012. Tharla an méadú cé gur bhain an tÚdarás úsáid ní ba mhó as ríomhphoist agus is é an t-údar atá leis seo tabhairt isteach an cheadúnaithe go dtí na hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV.

Tugadh breis agus 37,000 cuairt ar chlár na gconraitheoirí ar láithreán Gréasáin an Údaráis i rith 2012, a leagann béim ar an bhfeidhm thábhachtach atá ag an láithreán Gréasáin mar chainéal cumarsáide. Rinne an tÚdarás nuashonruithe rialta ar dhíolúintí suiteáilte, ceadúnais a cúlghaireadh agus saincheisteanna ginearálta ceadúnaithe a chur in airde ar an láithreán Gréasáin i gcaitheamh na bliana. Ina theannta sin, bhain an tÚdarás leas as ár Ríomhíris, *PSA Watch* chun nuashonruithe ceadúnaithe a phoibliú agus chun staitisticí a sholáthar ar cheadúnú conraitheoirí. Úsáideadh ríomhphoist chun sprioc a dhéanamh de ghrúpaí roghnaitheacha de shealbhóirí ceadúnais maidir le saincheisteanna a raibh difear á dhéanamh acu dóibh.

### **Fiosrú an AE**

I mBealtaine, lorg an Coimisiún Eorpach faisnéis ar an táille cheadúnais a íocann conraitheoirí beaga. Bhí buairt ar an gCoimisiún go raibh an táille le haghaidh conraitheoirí beaga neamhchomhréireach agus go mb'fhéidir gurbh ionann í agus srian ar chonraitheoirí eile ó stáit AE eile seirbhísí a sholáthar in Éirinn. Anuas air sin, thug an Coimisiún an cheist chun solais cibé acu ar sháraigh nó nár sháraigh íocaíocht táille cheadúnais an Stiúrthóireacht Seirbhísí.

I ndiaidh fhreagra an Údaráis, scríobh an Coimisiún níos mó ar an tsaincheist i Meán Fómhair arís eile, agus tagairt á déanamh don táille a d'íoc conraitheoirí beaga agus an tuairim a bhí acu go bhféadfadh gur sháraigh seo Airteagal 49 de Chonartháí an AE, sa mhéid gurb ionann agus srian é ar chonraitheoirí beaga ó stáit eile AE a iontrálann áit mhargaidh na hÉireann.

Mhol an tÚdarás an Coimisiún go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an struchtúr táillí agus gur lorg an Coimisiún sonraí ar an athbhreithniú agus struchtúr nua táillí, a gheofar faoi lár Eanáir 2013.

### **Táblaí Staitisticí**

Foilsíonn an tÚdarás réimse táblaí staitistiúla le linn na bliana d'fhaisnéis an Bhoird, don bhainistíocht, don tionscal slándála agus don phobal mór.

#### *Iarratais ar Cheadúnais Chonraitheora a Fuarthas*

Cuireann an tábla seo amharc stairiúil ar fáil ar phróiseáil ceadúnas ó tugadh isteach ceadúnú in 2006. Ón tráth sin i leith, eisíodh ceadúnais chun seirbhísí slándála a sholáthar in 3,674 earnáil. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le conraitheoir ceadúnais a shealbhú i líon earnálacha, mar sin, tá an líon conraitheoirí a ceadúnaíodh laghdaithe go mór. Tá ceadúnais bailí ar feadh tréimhse dhá bhliain agus tá 498 de na ceadúnais atá eisithe faoi láthair eisithe do chonraitheoirí a bhfuil an ceathrú ceadúnas acu. Baineann 731 ceadúnas le hearnálacha nua de Rialú Rochtana agus CCTV.

*Stádas na nIarratas ar Cheadúnais Chonraitheora a Fuarthas amhail an*

*31 Nollaig 2012<sup>5</sup>*

<b>STÁDAS AN IARRATAIS</b>	<b>DSP</b>	<b>SGM</b>	<b>SGS</b>	<b>CIT</b>	<b>AC</b>	<b>CCTV</b>	<b>IA</b>	<b>GACH EARNÁIL</b>
Ceadúnas arna Eisiúint	65	31	208	25	364	367	497	1557
Ceadúnas arna Éag	156	60	645	22	0	0	1154	2037
Iarratas arna Chealú	20	2	65	2	0	0	34	123
Ceadúnas arna Chúlghairm	9	0	27	0	0	0	43	79
Ceadúnas Curtha ar Fionraí	0	0	1	0	0	0	0	1
Iarratas arna Dhiúltú	17	1	52	4	0	0	87	161
Iarratas arna Chuileáil	20	5	30	0	1	2	40	98
Iarratas arna Aistarraingt	11	1	23	0	0	1	43	79
Iarratas Neamhiomlán	2	0	5	2	100	93	43	245
<b>Iomlán</b>	<b>300</b>	<b>100</b>	<b>1056</b>	<b>55</b>	<b>465</b>	<b>463</b>	<b>1941</b>	<b>4380</b>

*(Tagraíonn líonta na n-iarratas agus na gceadúnas d'iarratais a fuarthas nó do cheadúnais a eisíodh de réir conraitheora agus earnála. Má rinne conraitheoirí iarratas ar bhreis agus earnáil amháin nó má eisíodh ceadúnas dóibh do bhreis agus earnáil amháin, déantar iad a chomhaireamh breis agus uair amháin.)*

*(Tagraíonn Ceadúnas arna Chealú do chonraitheoirí a chur stop le trádáil agus a ndearnadh a gceadúnas a chealú.)*

*Comparáid idir Líon na gCeadúnas arna Eisiúint*

Déantar sa tábla seo comparáid idir ceadúnais a eisíodh i ngach earnáil ag tús agus ag deireadh 2012, agus na cúiseanna a léiriú a bhí leis an athrú ar na líonta le linn na bliana. B'ann do 18 gceadúnas níos lú i mbun cúrsaíochta ag deireadh na bliana nuair a chuirtear tús na bliana i gcomparáid leis. Léirigh an earnáil Gharda Slándála (Statach) titim 25 ceadúnas agus léirigh an earnáil Aláraim Ionraidh méadú 7 gceadúnas.

<sup>5</sup> DSP = Door Supervisor Licensed Premises, SGM = Security Guard Monitoring Centre, SGS = Static Security Guarding, CIT = Cash-In-Transit, AC = Access Control, CCTV = Closed Circuit Television, IA = Intruder Alarms,

**Comparáid idir Ceadúnais a Eisíodh le haghaidh gach Earnála amhail an 31/12/2011**

**agus an 31/12/2012**

	DOIRSEOIR	GARDA SLÁNDÁLA (MONATÓIREACHT)	GARDA SLÁNDÁLA (STATACH)	SUITEÁLAÍ ALÁRAIM IONRAIDH	AIRGEAD FAOI BHEALACH	GACH EARNÁIL
<b>31/12/2011</b>	65	30	233	490	26	844
Céadúaire*	10	0	15	58	0	83
Neamhathnuachan	-6	-1	-17	-39	0	-63
Cealaithe	-3	0	-17	-3	-2	-25
Cúlghairithe	-4	0	-10	-13	0	-27
Earnálacha Breise Curtha leis an gCeadúnas	3	2	4	4	1	14
<b>31/12/2012</b>	65	31	208	497	25	826

*\*I measc na gceadúnas céadúaire a eisíodh tá iarratais a fuarthas in 2011*

*(Níor cuireadh CCTV agus Rialú Rochtana san áireamh mar gheall nach bhfuil aon fhigiúirí inchomparáide ann)*

*(Féadfaidh conraitheoirí oibriú i mbreis agus earnáil amháin)*

**Stádas Dlí Conraitheoirí Ceadúnaithe**

Léiríonn an tábla thíos go bhfuil 70% de na ceadúnais i seilbh cuideachtaí, agus go bhfuil 27% i seilbh trádálaithe.

***Stádas Dlí Conraitheoirí Ceadúnaithe amhail an 31 Nollaig 2012***

Earnáil	Cuideachta	Trádálaí Aonair	Comhpháirtíocht
Doirseoir	52	8	5
Garda Slándála (Monatóireacht)	30	1	0
Garda Slándála (Statach)	171	32	5
Suiteálaí Rialú Rochtana	249	103	12
Suiteálaí CCTV	252	103	12
Suiteálaí Alárim Ionraidh	307	176	14
Airgead faoi Bhealach	25	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>1,086</b>	<b>423</b>	<b>48</b>

*(Tagraíonn an líon conraitheoirí ceadúnaithe do cheadúnais a eisíodh de réir conraitheora agus earnála. Má eisíodh ceadúnas do chonraitheoirí do bhreis agus earnáil amháin, déantar iad a chomhaireamh breis agus uair amháin.)*



Suíomh na Sealbhóirí Ceadúnais

Soláthraíonn an tábla seo sonraí ar an líon conraitheoirí a ceadúnaíodh le haghaidh gach earnála de réir contae. Tá an contae bunaithe ar an seoladh dá n-eisítear an ceadúnas.

***Ceadúnais a Eisíodh de réir Contae amhail an 31 Nollaig 2012***

<b>Réigiún</b>	<b>Doirseoir</b>	<b>Garda Slándála (Monatóireacht)</b>	<b>Garda Slándála (Statach)</b>	<b>Suiteálaí Trealamh Slándála</b>	<b>Airgead faoi Bhealach</b>
Ceatharlach	1	1	3	25	0
An Cabhán	0	1	1	19	0
An Clár	2	0	4	30	0
Corcaigh	3	4	10	93	0
Dún na nGall	2	0	3	22	0
Baile Átha Cliath	27	13	85	393	15
Gaillimh	5	1	8	53	0
Ciarraí	0	0	7	31	0
Cill Dara	7	0	16	38	4
Cill Chainnigh	2	0	4	23	0
Laois	1	0	3	17	0
Liatroim	0	0	0	9	0
Luimneach	1	1	6	56	0
An Longfort	0	0	2	15	0
Lú	2	0	5	53	0
Maigh Eo	0	0	0	26	0
An Mhí	2	0	10	78	0
Muineachán	1	0	3	20	4
Uíbh Fhailí	1	0	1	20	0
Ros Comáin	0	0	1	9	0
Sligeach	0	0	3	7	0
Tiobraid Árann	1	0	9	47	0
Port Láirge	2	0	5	19	2
An Iarmhí	0	0	2	16	0
Loch Garman	1	2	3	34	0
Cill Mhantáin	2	1	9	50	0
Sasana	1	4	3	7	0
Tuaisceart Éireann	1	3	2	18	0
<b>Iomláin</b>	<b>65</b>	<b>31</b>	<b>208</b>	<b>1228</b>	<b>25</b>

## Ceadúnú – Daoine Aonair

### Próiseáil Iarratas

Bliain shuntasach eile a bhí in 2012 le haghaidh ceadúnú daoine aonair agus b'ionann an líon ceadúnas a bhí i mbun cúrsaíochta faoi dheireadh na bliana agus 26, 938. Léirigh seo laghdú beag 3% ar an líon ceadúnas a bhí i mbun cúrsaíochta ag tús na bliana agus laghdú 922 ar an mbuaic 27,860 roimhe seo. Tá an laghdú ar cheadúnais a eisíodh mar thoradh ar an ngnáthchóras a bhí i gceist, mar gheall ar an tréimhse cheadúnais dhá bhliain mar aon leis an tionchar a d'imir an cúlú geilleagrach ar an earnáil.

### *Comparáid idir Líon na gCeadúnas arna Eisiúint amhail an 31 Nollaig gach bliain*

CATAGÓIR	2009	2010	2011	2012
Doirseoir (Áitreabh Ceadúnaithe)	6,873	5,979	6,283	5,733
Garda Slándála (Statach)	18,295	16,421	17,599	16,573
Doras agus Statach	1,774	2,952	3,978	4,632
<b>Iomlán</b>	<b>26,942</b>	<b>25,352</b>	<b>27,860</b>	<b>26,938</b>

B'ionann an ráta athnuachana in 2012 agus 63%, a bhí go mór os cionn ráta 47% 2011. Faoi dheireadh na bliana, rinneadh 10,770 de na 17,070 ceadúnas a d'éag a athnuachan. Bhí 64% de gach ceadúnas beo le hathnuachan in 2012. Leanfar le monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an ráta athnuachana i rith 2013. Anuas air sin, fuarthas 407 iarratas chun ceadúnais a athnuachan a d'éag in 2011. Mhéadaigh seo ráta athnuachana 2011 go dtí 52% aníos ó 47% ag tús na bliana.

B'ionann táillí ceadúnais aonair le haghaidh 2012 agus €1,527,784 i gcomparáid le €1,464,232 in 2011. Léiríonn seo an córas ceadúnaithe nuair a bhíonn líon níos airde athnuachana ann i mblianta ina bhfuil ré-uimhreacha i gcomparáid le blianta ina bhfuil corruimhreacha. In 2010, b'ionann na táillí a fuarthas agus €1,373,464 ar an iomlán.

*Tionchar Éag Ceadúnas agus Eisiúint Ceadúnas in 2012*

Mí na hAthnuachana	Ceadúnais Éagtha	Ceadúnais arna nAthnuachan	Ceadúnais Chéaduaire arna nEisiúint	Iomlán na gCeadúnas a Eisíodh	Éagsúlacht: Ceadúnais arna nEisiúint i leith Ceadúnais Éagtha
Eanáir	5,971	4,620	635	5,255	-716
Feabhra	2,607	1,803	677	2,480	-127
Aibreán	1,900	1,128	1,068	2,196	296
Iúil	2,253	1,135	699	1,834	-419
Lúnasa	569	212	583	795	226
Meán Fómhair	1,771	906	426	1,332	-439
Samhain	1,999	966	809	1,775	-224
<b><i>Iomlán</i></b>	<b>17,070</b>	<b>10,770</b>	4,897	15,667	-1403

Léiríonn an tábla thuas gur tháinig laghdú ar an líon ceadúnais chéaduaire anuas ó 2011 i dtéarmaí céatadán i leith an lín fhoriomlán cheadúnas a eisíodh. In 2011, b'ionann na ceadúnais chéaduaire a eisíodh agus 61% de gach ceadúnas a eisíodh. In 2012, is ionann an figiúr comhfhreagrach agus 31%. Is éard a d'eascair as seo ná easnamh foriomlán 1,403 ceadúnas arna n-eisiúint i gcomparáid leis na ceadúnais a d'éag. Cuirtear seo i gcomparáid le heasnamh comhfhreagrach 934 in 2010 nuair b'ionann an líon iarratais chéaduaire a fuarthas agus 6,171.

Ar an iomlán, fuarthas 14,528 iarratas ar cheadúnas in 2012, ina raibh 5,730 iarratas céaduaire agus 8,798 iarratas athnuachana. Ar an iomlán, in 2011, fuarthas 12,179 iarratas ar cheadúnas, ina raibh 5,475 iarratas céaduaire agus 6,704 iarratas athnuachana.

**Próiseáil Iarratas in 2012**

	Iarratais
Iarratais idir lámha amhail an 01/01/2012	804
Iarratais arna bhFáil in 2012	14,528
Iarratais arna gCríochnú	13,196
Iarratais idir lámha amhail an 31/12/2012 <i>As a raibh:</i> <i>Iarratais Chríochnaithe: 2,016</i> <i>Iarratais Neamhiomlána: 120</i>	2,136

B'ann do laghdú ar an líon iarratas a rinneadh a chuileáil tar éis iad a fháil i gcomparáid le 2011. Rinneadh breis agus 2,354 iarratas a chuileáil in 2012, i gcomparáid le 2,700 in 2011. Is deacair an chúis a bhí leis an laghdú a dheimhniú mar gheall gurbh ionann an líon iarratas a fuarthas in 2012 agus 2,349 níos lú ná a fuarthas in 2011. Míniú amháin is ea go bhfuil iarratasóirí níos feasaí ar an gcáipéisíocht go léir is gá gabháil leis na foirmeacha iarratais agus go bhfuil ráta laghdaithe cuileála ann dá bharr. Déantar iarratais aonair a chuileáil ar réimse cúiseanna, ach le himeachta ama, bheifí ag súil leis go dtiocfadh méadú an taithí seo ar an bpróiseas iarratais agus go mbainfeadh sí nó go leanfadh sí leis an líon iarratais chuileáilte a laghdú go mór ar deireadh thiar.

Ó Bhealtaine 2010, déantar gach foirm iarratais aonair a scanadh agus déanann soláthróir seachfhoinsithe seirbhíse sonraí a bhailiú. Ina theannta sin, eisíonn an soláthróir seirbhíse litreacha aitheantais d'iarratasóirí céaduaire ar ár son. D'éascaigh an tseirbhís sheachfhoinsithe athchumraíocht ár nósanna imeachta inmheánacha agus chuir sí go mór lenár n-amanna feabhsaithe próiseála mar aon le feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí.

Bíonn mórthionchar ar amanna próiseála na n-iarratas céaduaire ag an bpróiseas grinnfhiosrúcháin. In 2012, mhair na hamanna grinnfhiosrúcháin idir 11 agus 32 lá, i gcomparáid le réimse idir 19 agus 45 lá in 2011. Tá an tÚdarás buartha faoin méadú ar amanna grinnfhiosrúcháin i gcaitheamh na bliana agus faoin tionchar féideartha a d'fhéadfadh a leithéid de threocht imirt ar chleachtais earcaíochta agus fostaíochta na hearnála. In 2013, déanfaidh an tÚdarás scrúdú ar bhealaí leis na hamanna grinnfhiosrúcháin i gcomhréir lenár gcomhghleacaithe in Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Mar thoradh ar na bearta, mhéadaigh na meánamanna próiseála d'iarratais chéaduaire ó 41 lá in 2011 go dtí 55 lá in 2012 agus mhéadaigh na hamanna próiseála ó 7 lá in 2011 go dtí 18 lá in 2012. Is ionann anois an comh-mheánam próiseála anois agus 32 lá. In 2013, beidh an tÚdarás meáite ar bhealaí a aimsiú chun amanna próiseála a laghdú, agus i measc na mbeart beidh plé ar conas amanna grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a laghdú.

D'eisigh an tÚdarás 318 ceadúnas agus cárta aitheantais dúblach in 2012, ar laghdú 59 é seo ar fhigiúr 2011. Ó Bhealtaine 2011, tá táille €20 á gearradh ag an Údarás chun cáipéisí

dúblacha a eisiúint faoi thiomlath na gcúinsí agus tá fáiltas €3,880 tar éis eascairt as seo in 2012.

### Stádas na nIarratas Aonair a Fuarthas amhail an 31 Nollaig 2012

STÁDAS AN IARRATAIS	DOIRSEOIR	GARDA SLÁNDÁLA (STATACH)	IOMLÁN
Ceadúnais arna Eisiúint	10,450	21,410	31,860
Diúltaithe	1,414	3,868	5,282
Arna Chúlghairm ag an PSA	11	25	36
Aistarraingthe	172	280	452
Iarratais arna gCealú	29	59	88
Curtha ar Fionraí	6	4	10
Neamhiomlán	36	49	85
Críochnaithe	818	1,134	1,952
<b>Iomlán</b>	<b>12,936</b>	<b>26,829</b>	<b>39,765</b>

*(Tagraíonn líonta na n-iarratas agus na gceadúnas d'iarratais a fuarthas nó do cheadúnais a eisíodh de réir conraitheora agus earnála. Má rinne conraitheoirí aonair iarratas ar bhreis agus earnáil amháin nó má eisíodh ceadúnas dóibh do bhreis agus earnáil amháin, déantar iad a chomhaireamh breis agus uair amháin. Ní áirítear sonraí faoi cheadúnais atá éagtha.)*

### Cúlghairmeacha agus Cur ar Fionraí

Is gné thábhachtach den cheadúnú monatóireacht a dhéanamh ar shealbhóirí ceadúnais i rith théarma an cheadúnais. Sa chás go mbíonn an tÚdarás feasach gur sháraigh sealbhóir ceadúnais riachtanais cheadúnaithe, féadfaidh siad ceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm. In 2012, rinneadh ceadúnais cheathrar daoine aonair a chur ar fionraí mar gheall ar shaincheisteanna lena bhain an choiriúlacht.

### Diúltú

Dhiúltaigh an tÚdarás 47 iarratas aonair in 2012, i gcomparáid le 99 iarratas in 2011 agus 158 in 2010. Amhail 2011, ba í an phríomhchúis a bhí le hiarratas a dhiúltú Alt 22(3)(a)(i) (duine neamhoiriúnach agus neamhchuí chun seirbhís slándála a sholáthar) agus bhí 72% den diúltú mar gheall air seo, ar méadú seo aníos ó 77% in 2011. Bhain an chuid ba mhó de na cásanna seo le ciontuithe coiriúla nó cásanna cúirte a bhí ar feitheamh.

## **Achomhairc**

Rinneadh 19 n-achomharc i leith chinneadh an Údaráis chun diúltú do cheadúnas a dheonú i gcoinne Bhord Achomhairc na Slándála Príobháidí le linn na bliana, mar aon le 4 achomharc i leith cinntí chun ceadúnais a chúlghairm agus 1 chás i leith cinntí chun ceadúnas a chur ar fionraí.

Bhain fuílleach na gcásanna le cinntí chun iarratais a dhiúltú ar cheadúnais. Rinneadh 314 achomharc, ar an iomlán, ó cuireadh tús le ceadúnú agus ag deireadh na bliana, bhí 25 achomharc ar feitheamh cinnidh ag an mBord Achomhairc.

### **Stádas Achomharc Aonair amhail an 31/12/2012**

<b>Achomhairc arna gCur ar Aghaidh</b>	314
<b>Seasadh leis an gCinneadh</b>	120
<b>Cuireadh an Cinneadh ar Ceal</b>	169
<b>Ag Fanacht le Toradh</b>	25

## **Spríoc 2: Comhlíonadh ceanglais cheadúnaithe a chinntiú**

Lean an tÚdarás lena gcumhachtaí uile a úsáid in 2012 chun a bhfeidhm forfheidhmithe a chomhlíonadh, amhail a leagtar amach i Spríoc 2 de Ráiteas Straitéise 2011-2013 an Údaráis. Chomhlíon siad a bhfeidhm trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chonraitheoirí ceadúnaithe trí na bearta riachtanacha a ghlacadh, sa chás cuí, i leith iad siúd a sháraíonn na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011. Mar chuid dá bpróiseas forfheidhmithe, d'éirigh leis an Údarás 4 n-ionchúiseamh rathúla a thabhairt a trí phróiseas na gcúirteanna i rith 2012 – dhá cheann san earnáil aláraim ionraidh agus dhá cheann san earnáil doirseora. Bhí ceann de na hionchúisimh faoi Alt 38 de na hAchtanna, ina ndearnadh cliant a ionchúiseamh mar gheall gur úsáid sé seirbhísí ó chonraitheoir neamhcheadúnaithe.

Rinne oibríochtaí forfheidhmithe spríoc de dhaoine aonair, conraitheoirí agus cliant agus is éard a bhí i gceist leis an sárú:

- na conraitheoirí agus na daoine aonair siúd a chuireann seirbhísí neamhcheadúnaithe slándála ar fáil;
- soláthraithe slándála neamhcheadúnaithe a fhostú, lena n-áirítear daoine aonair;
- na daoine siúd atá ceadúnaithe, lena chinntiú go bhfuil na ceadúnaithe ag feidhmiú laistigh de shainchúram a gceadúnais agus iad ag cloí leis na caighdeáin chuí.
- neamhchomhlíonadh na gceanglas um chaitheamh Suaitheantas Aitheantais

D'oibrigh an tÚdarás go dlúth leis an tionscal slándála príobháidí, an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, Coimirce Shóisialach agus le gníomhaireachtaí eile stáit agus iad ag tabhairt faoina bhfeidhm forfheidhmithe. Ina theannta sin, thug siad faoina measúnú féin inmheánach ar chásanna, saincheisteanna agus earnálacha áirithe. Chuir toradh na measúnuithe siúd go leor d'obair oibríochtúil forfheidhmithe an Údaráis chun cinn i gcaitheamh 2012. Leanann tuairisciú soláthraithe neamhcheadúnaithe slándála mar aon le tuairisciú sárúithe ar choinníollacha ceadúnaithe bheith mar uirlis ríthábhachtach agus éifeachtach chun spríoc a dhéanamh díobh siúd atá ag feidhmiú go mídhleathach san earnáil nó lasmuigh de théarmaí a gceadúnais.

## Faisnéis

Leanann faisnéis ón tionscal ar aghaidh a bheith ina príomhchúnamh leis an Údarás maidir le sprioc a dhéanamh dá gcuid acmhainní. Tá fáil faisnéise mionsonraithe agus sonraithe ríthábhachtach maidir le cabhrú le hobair imscrúdaitheach an Údaráis. As na 391 píosa d'fhaisnéis a fuarthas ar fud an uile earnála, d'eascair cruthú cásanna forfheidhmithe nó cásanna forfheidhmithe a nascadh le cásanna reatha agus iad a imscrúdú, as 262 (67%) díobh. Níl imscrúdú á dhéanamh ar 129 (33%) píosa faisnéise ar roinnt cúiseanna – níor leor an fhaisnéis a fuarthas chun tabhairt faoi imscrúdú nó go léiríonn ár dtaifid go raibh ceadúnas ag an gconraitheoir a bhí faoi chaibidil. Faoi mar a bhí cúrsaí in 2011, chruthaigh an earnáil Aláraim Ionraidh an méid ba mhó tuairiscí faisnéise in 2012 – 167 tuairisc (41%) den líon iomlán tuairiscí a fuarthas. Ina dhiaidh sin bhí an earnáil Doirseora – 99 tuairisc (25%) agus an earnáil Garda Slándála – 71 tuairisc (18%). Léiríonn na 391 tuairisc faisnéise a fuarthas i rith 2012 laghdú 25% ar na 524 tuairisc a fuarthas in 2011. Coimeádadh an treocht, áfach, in 2012 agus 2011 a léiríonn an líon foriomlán tuairiscí a fuarthas, agus leanann an earnáil aláraim ionraidh leis an líon is mó tuairiscí faisnéise a chruthú.

### Tuairiscí Faisnéise 2012 arna bhfáil de réir Earnála agus Stádais

Stádas	Doirseoir	Garda Slándála (Monatóireacht)	Garda Slándála (Statach)	Suiteálai (Aláraim Ionraidh)	CIT	CCTV	Rialú Rochtana	Iomlán
Nasctha le Cás/Á Imscrúdú	60	12	44	119	2	19	8	262
2011 ( )	(100)	(18)	(77)	(156)				(351)
Gan bheith á Imscrúdú*	39	11	27	48		2	2	129
2011 ( )	(54)	(11)	(47)	(61)				(173)
Iomlán	99	23	71	167	2	21	10	391
	(154)	(29)	(124)	(217)	2	21	10	(524)

\* Ciallaíonn 'Gan bheith á Imscrúdú' nár dhóthain an fhaisnéis a fuarthas nó go raibh an ceadúnas ag an gconraitheoir/duine aonair agus gurbh é sin bunús na faisnéise a soláthraíodh.



## Bainistíocht Cás

Rinneadh bainistiú ar 930 cás forfheidhmithe ar an iomlán i rith 2012, agus déileáladh le 804 (86%) de na cásanna le linn na tréimhse seo. Ag deireadh 2012, b'ann do 140 cás (13%) a bhí fós ar bun, agus tá seo mórán mar an gcéanna le staid dheireadh na bliana nuair a bhí nach mór 18% bainteach le forfheidhmiú in 2011.

Déantar athbhreithniú gníomhach ar an uile chás beo forfheidhmithe a bhíonn ar oscailt ar feadh breis agus trí mhí. Leagtar amach sa chairt a leanas an suíomh i ndáil le gluaiseachtaí an uile bheocháis amhail an 31 Nollaig 2012:

	2010	2011	2012
<b>Cásanna arna bPróiseáil</b>	1968	1565	930
<b>Cásanna a tugadh chun Críche</b>	1959	1560	804
<b>Cásanna Beo</b>	9	5	126

(Líon iomlán na gcásanna beo amhail an 31 Nollaig 2012 = 140)

Déanann Iniúcháirí an PSA, ar bhonn leanúnach, athbhreithniú ar chásanna forfheidhmithe, lena chinntiú go bpróiseáiltear, go n-imscrúdaítear, go mbainistítear agus go dtugtar iad chun conclúid mhear. Ag deireadh 2012, b'ann do 140 cás beo ar láimh, as a raibh 43 (31%) ar bun ar feadh breis agus 3 mhí agus 14 (10%) breis agus 12 mhí. Tá sé mar bheartas den PSA gan cás a dhúnadh nó go bhfuil siad sásta go ndeachthas i mbun gach beart réasúnta chun na saincheistanna a imscrúdú agus a réiteach go hiomlán.

B'ann do 3 chás forfheidhmithe os comhair an Bhoird Achomhairc in 2012 as a ndearnadh breithiúnas a thabhairt ar dhá cheann díobh, agus seasadh le cinneadh an PSA. Maidir leis an tríú cás, níl breithiúnas tugtha ag an mBord Achomhairc ar an achomharc seo go fóill. Leagtar amach sa tábla a leanas miondealú ar na beochásanna a bhí ar láimh amhail an 31 Nollaig 2012:

## Beochásanna Forfheidhmithe de réir Earnála amhail an 31 Nollaig 2012

<b>Earnáil</b>	<b>Fostaí</b>	<b>Cliant</b>	<b>Conraitheoir</b>
<b>Doirseoir</b>	18	24	8
<b>Garda Slándála (Monatóireacht)</b>	0	0	4
<b>Garda Slándála (Statach)</b>	3	2	37
<b>Suiteálaí (Aláráim Ionraidh)</b>	0	15	16
<b>Airgead faoi Bhealach</b>	0	0	1
<b>CCTV</b>	0	0	10
<b>Rialú Rochtana</b>	0	0	2
<b>Iomlán</b>	<b>21</b>	<b>41</b>	<b>78</b>

### Comhlíonadh Conraitheora – Monatóireacht an PSA

Lean an fheidhm forfheidhmithe i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar chonraitheoirí ceadúnaithe a bheith ina díriú tábhachtach i rith 2012. Tugadh faoi imscrúduithe ar 91 ceadúnaí ina raibh 68 Iniúchadh ar Dhearbhú Cáilíochta agus 10 nIniúchadh Imscrúdaitheacha d'fhonn a chinntiú go conraitheoirí ag oibriú laistigh de shainchúram an cheadúnais ar deonaíodh dóibh agus gur chomhlíon siad go hiomlán coinníollacha an chaighdeáin agus ceanglais eile a leagadh amach don cheadúnas sin. Sa mhullach air sin, tugadh faoi 13 imscrúdú réamhcheadúnaithe ar chonraitheoirí. Amhail a luadh níos luaithe, fuair an PSA 391 tuairisc faisnéise ar an iomlán, ónar eascair 262 imscrúdú breise. Níorbh fhéidir na 129 tuairisc faisnéise eile a phróiseáil mar gheall nárbh leor an fhaisnéis chun tabhairt faoi imscrúdú.

Cé gur deimhníodh go raibh líon ceadúnaithe comhlíontach, eisíodh iomardaithe, foláirimh, rabhaidh agus comhairle i leith ceadúnaithe sa chás gur thángthas ar neamhchloí. Ceanglaíonn an próiseas seo go rachfar i mbun beart ceartaithe. Cinntíonn athleanúint ag iniúcháirí an PSA go bhfuil gach conraitheoir ag oibriú i leith na dtéarmaí céanna agus go bhfuil an cliant agus an pobal faoi chosaint sa mhéid go bhfuil an tseirbhís á seachadadh go haonfhoirmeach i leith na gcaighdeán a leagann an PSA síos.

Bhain na príomhshaincheisteanna neamhchomhlíonta le comhlíonadh cánach, sciathadh foirne, oiliúint foirne ar an suíomh, taifid um shealbhú eochracha, teoracha sannta agus sláinte agus sábháilteacht. Tugadh faoi anailís bhreise ar gach 91 iniúchadh ceadúnaithe

go raibh 55 díobh (60%) i gcatagóir chonraitheora bhig ina raibh níos lú ná 50 fostaí. Bhí ag 8 gconraitheoir (14.5%) sa chatagóir seo, saincheist mhór neamhchomhlíonta, i.e. saincheist a chuirfeadh bac ar an gconraitheoir ó Theastas IS999 a fháil agus bheith ceadúnaithe. Léiríonn an ráta seo, áfach, laghdú suntasach ar an ráta 20% a cuireadh i dtaifead in 2011, mar aon le laghdú mór ar an ráta 37% ar aimsíodh go raibh saincheist mhór neamhchomhlíonta ar bun acu sa chatagóir chéanna in 2010.

Tar éis breis anailíse a dhéanamh ar an gcatagóir seo (conraitheoirí a bhfuil níos lú ná 50 fostaí acu) ag a raibh saincheist amháin mhór neamhchomhlíonta (iomardú/foláireamh), tá 62.5% de na conraitheoirí san earnáil gharda slándála stataigh agus tá 25% díobh san earnáil DSP amháin, a bhfuil saincheist amháin mhór neamhchomhlíonta a bhféadfaí údar a thabhairt leis ag an gcomhréir mhór de dhaoine aonair a oibríonn san earnáil DSP a oibríonn ar bhonn intí, agus ar an ábhar sin, ní bhíonn an t-aistriú céanna conraitheoirí i gceist.

Maidir leis na himscrúduithe réamhcheadúnaithe faoinar tugadh ar 13 chonraitheoir, deimhníodh go raibh ceathrar díobh comhlíontach leis na riachtanais cheadúnaithe, bhí neamhchloí ann i measc cúigear díobh a rinneadh a réiteach agus tugadh ceadúnas dóibh ina dhiaidh sin. Tá dhá chás sa bhreis ar feithimh freagra agus rinneadh iarratas amháin a aistarraingt agus iarratas amháin a chuileáil mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais.

Ligfidh torthaí imscrúduithe ar bhreis agus 200 conraitheoir le dhá bhliain anuas don PSA toradh na n-imscrúduithe a úsáid chun aistriú go dtí oibríochtaí níos riosca-bhunaithe in 2013. Tá an PSA ag gluaiseacht i dtreo níos mó próifíliú riosca a dhéanamh ar chonraitheoirí chun sprioc a dhéanamh dá n-acmhainní ar bhealach éifeachtach. Úsáidfidh an PSA faisnéis a fhaightear ó fhoinsí iomadúla chun cabhrú le próifíliú, lena n-áirítear faisnéis óna n-imscrúduithe féin, faisnéis ó na Coimisinéirí Ioncaim, faisnéis atá á cur ar aghaidh ag na Comhlachtaí Deimhnithe agus faisnéis ó fhoinsí eile.

### **Smachtbhannaí foirmiúla i leith Ceadúnaithe Conraitheora**

Le linn 2012, mar thoradh ar na himscrúduithe faoinar tugadh ar chonraitheoirí ceadúnaithe agus ar obair forfheidhmithe eile, chuir an tÚdarás tús leis na gníomhartha a leanas faoi Alt 26 i leith ceadúnaithe conraitheora:

## Smachtbhannaí foirmiúla i leith Ceadúnaithe Conraitheora

Cur ar Fionraí	0
Diúltú	3
Ceadúnas arna Eisiúint le hIomardú	1
Iomardú	3
Foláireamh	10
Rabhadh	10
Comhairle	29
Iomlán	56

(Féadfaidh na figiúirí seo athrú uathu siúd atá liostáilte sa Tuarascáil ar Chásanna Conraitheoirí a Dúnadh, mar gheall go raibh roinnt de na cásanna thuas fós ar bun. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh tús le roinnt de na cásanna Conraitheoirí a Dúnadh roimh 2012.)

### **Cásanna Conraitheora arna gcur i gcrích de réir earnála agus an chúis leis an gcur i gcrích**

Le linn 2012, chuir an PSA i gcrích imscrúduithe ar 320 cás ar an iomlán, as ar eascair gníomhartha ar chuir an tÚdarás tús leo, lena n-áirítear 58 cás conraitheoirí inar réitíodh saincheisteanna iariniúchta agus inar gaireadh Alt 26, ina raibh comhairle, rabhaidh agus foláirimh a eisiúint i gceist. Ba é an figiúr inchomparáide le haghaidh 2011 55 cás inar gaireadh Alt 26. Tar éis gníomhaíocht forfheidhmithe, rinneadh dhá cheadúnas a dhiúltú agus baineadh trí ionchúiseamh rathúla amach ar chonraitheoirí. Maidir le 25 tuairisc faisnéise, ní raibh an PSA in ann fiosrú a dhéanamh ar na gearáin seo mar gheall nárbh leor an fhaisnéis a cuireadh ar fáil chun leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú. Leanfaidh an PSA leis na gníomhartha sin a eisiúint in 2013 sa chás cuí.

**Cásanna Conraitheora arna gcur i gcrích i rith 2012, de réir earnála agus an chúis leis an gcur i gcrích<sup>6</sup>**

<b>An Chúis leis an gCur i gCrích</b>	<b>DSP</b>	<b>SGM</b>	<b>SGS</b>	<b>AI</b>	<b>CIT</b>	<b>CCTV</b>	<b>Iomlán</b>
Saincheisteanna Iarimscrúdaithe/Iarfhiosrúcháin arna gCur i gCrích	9	4	25	20			58
Saincheisteanna Iarimscrúdaithe arna Réiteach: Iomardú arna Eisiúint	1		2				3
Saincheisteanna Iarimscrúdaithe arna Réiteach: Foláireamh arna Eisiúint	4		4		1		9
Saincheisteanna Iarimscrúdaithe arna Réiteach: Rabhadh arna Eisiúint	4	4	7				15
Saincheisteanna Iarimscrúdaithe arna Réiteach: Comhairle arna hEisiúint	5	3	24				32
Gearán i ndiaidh Imscrúdú ar Thaifid	2		9				11
Ceadúnas arna Chealú	1						1
Diúltaíodh Iarratas ar Cheadúnas – Fógra Alt 39 arna Eisiúint			1				1
Iarratas ar Cheadúnas arna Aistarraingt – Fógra Alt 37 arna Eisiúint	1						1
Ceadúnas arna Dhiúltú tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	1			1			2
Ceadúnas arna Mholadh tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	3	1	2	5			11
Ionchúiseamh Bainte Amach	1			2			3
Níltear ag Oibriú/Trádáil a Thuilleadh	8	1	19	44		1	73
Ceadúnaithe	12		16	25			53
Cumhdaithe ag Ordú Díolúine/Alt 52/Alt 23				5			5
Gníomhaíocht Neamh-Incheadúnaithe			3	9			12*
Níor leanadh ar aghaidh leis an nGearán faoi Alt 39	3		3				6
Faisnéis Neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnú	1	1	4	19			25
<b>Iomlán</b>							<b>320</b>

\*Baineann an figiúr le hearnálacha a bhí neamh-incheadúnaithe ag tráth an imscrúdaithe

### **Cásanna Conraitheoir Doirseora**

D'éirigh leis an PSA conraitheoir amháin neamhcheadúnaithe san earnáil a ionchúiseamh i rith 2012. Tá 50 beochás ar bun san earnáil seo, agus baineann 18 díobh le daoine aonair, baineann 24 díobh le cliaint agus baineann 8 díobh le conraitheoirí. As na cásanna a dúnadh le linn 2012 san earnáil, chuir deichniúr cliant deireadh leis an gconradh de chonraitheoirí neamhcheadúnaithe agus níl 8 gconraitheoir i mbun feidhme a thuilleadh. In 9 gcás, réitíodh saincheisteanna iariniúchta/iarimscrúdaithe. B'ionann na figiúirí comparáideacha in 2011: Rinne 6 chliant conarthaí a chur chun deiridh, níl 11 i mbun

<sup>6</sup> DSP = Door Supervisor Licensed Premises, SGM = Security Guard Monitoring Centre, SGS = Security Guard Static, IA = Intruder Alarms, CIT = Cash-In-Transit, CCTV = Closed Circuit Television

oibriú a thuilleadh agus bhí 20 cás ann inar réitíodh saincheistean na iariniúchta/iarimscrúdaithe.

Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar a dtagann an tÚdarás san earnáil seo i rith na bliana:

### **Ionchúiseamh úinéir áitribh cheadúnaithe mar gheall ar fhostaithe neamhcheadúnaithe a fhostú**

- Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar áitreabh cheadúnaithe, deimhníodh go raibh beirt doirseoirí neamhcheadúnaithe ag oibriú san áitreabh.
- An uair roimhe seo, deimhníodh go raibh foirne dorais neamhcheadúnaithe á bhfostú ag úinéir an áitribh agus chuir iniúcháir an PSA ar an eolas é faoi riachtanais cheadúnaithe.
- Faoi Alt 38 de na hAchtanna, thug an PSA faoi ionchúiseamh rathúil i leith úinéir an áitribh agus rinne an Chúirt a ordú dó fíneáil a íoc agus rinneadh a gcostais a dhámhachtain ar an PSA.

### **Deimhniú um scor oibríthe conraitheoir doirseoir (áitreabh cheadúnaithe) agus garda slándála (statach) ar diúltaíodh a iarratas ar athnuachan cheadúnais.**

- Rinneadh iniúchadh ar an gconraitheoir cheadúnaithe roimh éag an cheadúnais.
- Theip ar an gconraitheoir an t-iniúchadh a chomhlíonadh mar gheall gur theip air Deimhniú Imréitigh Cánach agus caighdeán IS999 bailí a sholáthar.
- Mhaígh an conraitheoir cheadúnaithe go raibh sé in ann na saincheistean seo a réiteach agus luaigh sé go raibh idirghabháil ar bun faoi láthair ag an gcuideachta faoi chaibidil leis na Coimisinéirí Ioncaim chun dliteanas amuigh a réiteach agus go n-eiseofaí Deimhniú Imréitigh Cánach dá thoradh sin, ar a uain.
- D'iarr an tÚdarás ar dheimhniú na faisnéise seo ó na Coimisinéirí Ioncaim tríd an Meabhrán Tuisceana leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Tháinig an fhaisnéis a sholáthair na Coimisinéirí Ioncaim salach ar mhaíomh an chonraitheora cheadúnaithe, agus mar gheall air sin, diúltaíodh iarratas an chonraitheora ar athnuachan an cheadúnais.
- Rinneadh sprioc de bhonn cliant an chonraitheora atá anois neamhcheadúnaithe, a sainaitníodh le linn an iniúchta faoinar tugadh lena chinntiú go raibh soláthraí

reatha an doirseora (áitreabh ceadúnaithe) agus gharda slándála (statach) ceadúnaithe ag an Údarás.

- Deimhníodh gur cuireadh deireadh le teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir ceadúnaithe.

### **Foláireamh i leith an Chonraitheora mar gheall ar neamhchomhlíonadh na riachtanas ceadúnaithe**

- Conraitheoir a oibriú i mbreis agus earnáil slándála amháin agus easpa airde ar riachtanais iomlána cheadúnaithe na hearnála DSP.
- Sainithníodh sa mhonatóireacht rialta a dhéantar, foireann neamhcheadúnaithe, foireann neamhcheadúnaithe ghardaí statacha ag oibriú ag doirse agus foireann á fostú ag fostaithe an chonraitheora gan chead a fháil ón gconraitheoir nó gan an conraitheoir a bheith ar an eolas.
- Easpa shoiléir maoirseachta ag an gconraitheoir ar na hoibríochtaí a sainithníodh.
- Gníomhartha glactha i leith an Chonraitheora faoi Alt 26 de na hAchtanna.
- Bhí an conraitheoir go hiomlán comhoibritheach leis na himscrúduithe agus rinneadh saincheistanna neamhchomhlíonta a réiteach.
- Deimhníodh comhlíonadh feabhsaithe le linn athchuirteanna a thabhairt ar áitreabh cheadúnaithe.

### **Cásanna um Chonraitheoir Gardáil Slándála**

Tá 42 beochás ar bun faoi láthair agus baineann 37 díobh seo le conraitheoirí agus 2 cheann le cliant agus 3 cinn le daoine aonair. As na cásanna a dúnadh san earnáil seo, chuir 26 cliant deireadh leis an gconradh de chonraitheoirí neamhcheadúnaithe agus níl 19 gconraitheoir i mbun feidhme a thuilleadh. I 25 cás, réitíodh saincheistanna iariniúchta/iarimscrúdaithe. B'ionann na figiúirí comparáideacha in 2011: Rinne 6 chliant conarthaí a chur chun deiridh, níl 26 i mbun oibriú a thuilleadh agus rinneadh 70 saincheist iariniúchta a réiteach. Mar thoradh air sin, caitheadh níos mó ama lena chinntiú gur réitíodh saincheistanna go hiomlán.

Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar a dtagann an tÚdarás san earnáil seo i rith na bliana:

## **Cuireann Cliant Seirbhísí Conraitheoir Neamhceadúnaithe Garda Slándála (Statach) chun deiridh**

- Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar Chonraitheoir, sainaithníodh go raibh cliant mar chliant de chuid conraitheora nach raibh ceadúnaithe ag an tráth sin.
- Rinneadh iarratas ar athnuachan cheadúnas an chonraitheoir a dhiúltú i Nollaig 2011.
- Ag leanúint ón diúltú ceadúnais, chuathas i dteagmháil leis an gcliant a sainaithníodh agus iarradh air aitheantas agus uimhir cheadúnais a sholáthraí reatha garda slándála (statach).
- Deimhníodh stádas ceadúnais an chonraitheora reatha a dheimhnigh gur chuir an cliant deireadh le seirbhísí an chonraitheora neamhceadúnaithe.

## **Eisíodh foláireamh d'fhostaí garda slándála (statach)**

- I ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar áitreabh miondíola, ní raibh suaitheantas aitheantais á chaitheamh ag an duine aonair ceadúnaithe, faoi mar a cheanglaítear de bhun Alt 30 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.
- Eisíodh Fógra Foláirimh don duine aonair de bhun Alt 26 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.
- Chuathas i dteagmháil le fostóir an duine ceadúnaithe agus cuireadh ar an eolas é ar shárú Alt 30 de na hAchtanna.
- Gheall fostóir an duine aonair ceadúnaithe go ndéanfaidh sé monatóireacht ar an bhfostaí seo lena chinntiú go gcaitheann an fostaí suaitheantas aitheantais ag gach tráth fad a bhíonn sé ar dualgas.
- Athchuir le tabhairt ar an áitreabh miondíola lena chinntiú gur baineadh amach comhlíonadh iomlán Alt 30 de na hAchtanna.

## **Garda slándála neamhceadúnaithe (statach) curtha ar fionraí ag feitheamh athnuachan céadúnas éagtha**

- Sainaithníodh le linn iniúchta ar áitreabh miondíola go raibh seirbhís gharda slándála (statach) á soláthar ag duine aonair neamhceadúnaithe ar bhonn intí.
- Bhíodh ceadúnas ag an duine aonair neamhceadúnaithe ach bhí an ceadúnas éagtha.



- Eisíodh fógra forfheidhmithe don duine aonair neamhceadúnaithe de bhun Alt 37 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.
- Eisíodh fógra forfheidhmithe d'fhostóir an duine aonair neamhceadúnaithe de bhun Alt 38 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.
- Dheimhnigh an fostóir gur cuireadh fostaíocht an duine aonair neamhceadúnaithe.
- Rinne an duine aonair iarratas ina dhiaidh sin ar athnuachan a gceadúnais gharda slándála (statach) agus rinneadh an ceadúnas seo a shiardhátú go dtí an dáta éagtha. Níor bhain an duine aonair a bhí i gceist aon tairbhe gan a gceadúnas a athnuachan go tráthúil.

### **Achainí chun stádas fostaíochta duine aonair a dheimhniú ar diúltaíodh a n-iarratas ar cheadúnas**

- Achainí ó Rannóg Ceadúnaithe Daoine Aonair an Údaráis chun tabhairt faoi iniúchadh maidir le hiarratas ar cheadúnas duine aonair a dhiúltú.
- Sholáthair an t-iarratasóir sonraí faoina bhfostóir deiridh is eol bheith acu, conraitheoir ceadúnaithe.
- Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an bhfostóir a sainaitníodh, deimhníodh nach raibh an duine aonair a bhí i gceist fostaithe ag an bhfostóir i bpost incheadúnaithe.

### **Cásanna Aláram Ionraidh**

B'uirlis thábhachtach faisnéis maidir leis an dá imscrúdú a chur chun cinn ar an mbeirt oibreoirí neamhceadúnaithe agus ar a gcliaint agus rinneadh sprioc d'aon chonraitheoirí nach ndearna a gceadúnas a athnuachan i rith na bliana. Baineadh dhá ionchúiseamh rathúla amach san earnáil seo.

San earnáil Suiteáilaithe Aláram, tá 31 beochás ar bun faoi láthair agus baineann 16 díobh seo le conraitheoir agus 15 le cliaint. Léiríonn figiúirí a bhaineann le cásanna ar déileáladh leo san earnáil Suiteáilaithe Aláram nach raibh an conraitheoir i mbun feidhme a thuilleadh i 44 de na cásanna, agus go raibh ceadúnas ag an gconraitheoir i 25 de na cásanna. I 19 gcás, bhí an fhaisnéis neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnú. Léiríonn na figiúirí comparáideacha seo le haghaidh 2011 nach raibh 82 conraitheoir i mbun feidhme a thuilleadh, go raibh ceadúnas ag an gconraitheoir i 28 cás agus nach raibh dóthain faisnéise ann chun leanúint le himscrúdú i measc 26 cás.

Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar a dtagann an tÚdarás san earnáil seo i rith na bliana:

#### **Ionchúiseamh suiteálaí neamhceadúnaithe aláirim ionraidh**

- I ndiaidh imscrúdú ar shuiteáil aláirim ionraidh, deimhníodh gur suiteálaí neamhceadúnaithe an suiteálaí a mbíodh ceadúnas acu roimhe seo.
- Ba é seo an dara huair a deimhníodh go raibh an suiteálaí i mbun suiteála mar chonraitheoir neamhceadúnaithe.
- An dá uair, thug an PSA faoi ionchúiseamh rathúil.
- Gearradh fíneáil ar an gconraitheoir neamhceadúnaithe agus rinneadh a gcostais a dhámhachtain ar an PSA.

#### **Ceadúnas conraitheora suiteálaí trealamh slándála (suiteáil agus cothabháil aláirim ionraidh) arna mholadh tar éis gníomhaíocht forfheidhmithe**

- I ndiaidh faisnéis a fháil a bhain le conraitheoir suiteálaí neamhceadúnaithe trealamh slándála (suiteáil agus cothabháil aláirim ionraidh), a thug le fios go raibh seirbhísí suiteálaí trealamh slándála (suiteáil agus cothabháil aláirim ionraidh) á bhfógairt ag an gconraitheoir gan cheadúnas a sháraigh Alt 37 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011.
- Eisíodh fógra forfheidhmithe don chonraitheoir neamhceadúnaithe de bhun Alt 37 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.
- Bhain croíghnó an chonraitheora le hobair CCTV. De bhua ghníomhaíocht an PSA, d'fhreagair an conraitheoir trí iarratas a dhéanamh ar cheadúnas conraitheora suiteálaí trealamh slándála (suiteáil agus cothabháil aláirim ionraidh).

#### **Client Suiteálaí Aláram agus córas cothabhála**

- Fuarthas faisnéis a thug le fios gur shuiteáil agus go ndéanann suiteálaí neamhceadúnaithe obair chothabhála ar chóras aláirim ar fhoirgneamh poiblí.
- Luaigh an Client gur shuiteáil conraitheoir ceadúnaithe an t-aláram ach gur thug conraitheoir neamhceadúnaithe faoin gcothabháil.
- Chuir an client deireadh le fostaíocht an chonraitheora neamhceadúnaithe cothabhála.
- I ndiaidh imscrúduithe ag an PSA, stop an conraitheoir neamhceadúnaithe cothabhála ag feidhmiú.

## **Monatóireacht Aláraim**

Is ann do bheochás ar bith faoi láthair san earnáil Gharda Slándála (ionad monatóireachta). I rith 2012, tugadh faoi iniúchadh amháin ar ionad monatóireachta aláraim as ar eascair fógra comhairle a eisiúint.

Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar a dtagann an tÚdarás san earnáil seo i rith na bliana:

### **Iniúchadh ar chonraitheoir ceadúnaithe garda slándála (ionad monatóireachta)**

- Tugadh faoi iniúchadh ar chonraitheoir ceadúnaithe garda slándála (ionad monatóireachta).
- Neamhchomhlíonadh maidir le caighdeán tionscail SR41 arna shainaitint.
- Eisíodh fógra comhairle don chonraitheoir de bhun Alt 26 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.

## **Airgead faoi Bhealach**

Thug an fhoireann imscrúdaithe, le cúnadh ó chomhairleoirí, faoi imscrúduithe ar na conraitheoirí ceadúnaithe lena chinntiú go raibh na caighdeáin á mbaint amach acu atá mar bhonn agus taca le ceadúnú. Pléadh aon saincheistanna a tháinig chun solais leis na cuideachtaí aonair.

## **Comhlíonadh Aonair**

Le linn 2012, rinne Imscrúdaitheoirí an PSA sprioc de cheadúnú agus de chomhlíonadh aonair agus é ina cheanglas suaitheantais aitheantais a chaitheamh trí thabhairt faoi imscrúduithe ar áitreabh agus ionaid cheadúnaithe, áit a dtugtar faoi dhoirseoireacht agus gardáil slándála. Ar uairibh, bhí baill den Gharda Síochána agus oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim ina dteannta. Tugadh faoi imscrúduithe ar 113 áitreabh (76 DSP agus 37 GS) istoíche, i gcaitheamh an lae agus le linn an deireadh seachtaine ar 927 áitreabh timpeall na tíre. Ar an iomlán, bhí foireann slándála fostaithe ag 671 ionad, as ar fhostaigh 303 ionad conraitheoirí slándála. Léirigh ceadúnú iomlán daoine aonair don dá earnáil ráta comhlíonta 97%, a léiríonn feabhsú comhsheasmhach ar an ráta comhlíonta daoine aonair 95.5% in 2011.

Deimhníodh gurbh ionann agus nach mór 99% agus comhlíonadh i measc daoine aonair maidir le bheith ceadúnaithe agus an ceanglas chun an ceadúnas a iompar san earnáil GS,

ar méadú deas é seo aníos ó ráta comhlíonta 98% 2011. San earnáil DSP, deimhníodh go raibh an ráta nach mór 95%, a léirigh méadú beag ón bhfigiúr 94.5% le haghaidh 2011.

Déanann Cigireacht an PSA an ceanglas chun suaitheantas aitheantais a chaitheamh a fhorfheidhmiú go dian. Le linn 2012, deimhníodh gurbh ionann an ráta comhlíonta maidir le suaitheantas aitheantais a chaitheamh san earnáil gardáil slándála agus 96%, ar méadú 3% é seo ar ráta comhlíonta 93% 2011 mar aon le méadú 7% ar an ráta comhlíonta a cuireadh i gcuntas in 2010. San earnáil doirseora, deimhníodh gurbh ionann ráta comhlíonta an tSuaitheantais Aitheantais agus nach mór 91%, a bhí ina mhéadú breise ar an ráta comhlíonta 89% in 2011.

**Miondealú de réir na hEarnála maidir le comhlíonadh A.37** (an ceanglas chun ceadúnas a bheith agat), **A.29** (an ceanglas chun ceadúnas a iompar), **A.30** (an ceanglas chun Suaitheantas Aitheantais a bheith á thaispeáint).

#### Gardáil Slándála

Bliain	Ionaid le Slándáil	A.37 % Ceadúnaithe	A.29 % a Iompraíonn S.A.	A.30 % a Chaitheann S.A.
2012	201	98.17	98.97	96.18
2011	257	97.6	98	93

#### Slándáil Dorais

Bliain	Ionaid le Slándáil	A.37 % Ceadúnaithe	A.29 % a Iompraíonn S.A.	A.30 % a Chaitheann S.A.
2012	470	95.65	93.97	90.49
2011	524	94.8	94.5	88.7

#### Smachtbhannaí foirmiúla a eisíodh i leith Daoine Aonair

B'ionann an líon iomlán d'fhógraí Alt 26 a eisíodh do cheadúnaithe aonair i rith 2012 agus 221 (tá cuid díobh ina mbeochásanna go fóill). Is ionann seo agus laghdú ar fhigiúr 256 2011 agus léiríonn sé laghdú breise ar fhigiúr 305 2010, a thugann feabhsú leanúnach le tuiscint go mór ar na rátaí foriomlána comhlíonta sna hearnálacha slándála príobháidí.

Le linn 2012, chuir an PSA tús leis na smachtbhannaí foirmiúla faoi Alt 26 den Acht i leith daoine aonair ceadúnaithe:

### Smachtbhannaí foirmiúla a eisíodh i leith Daoine Aonair

Gníomhaíocht faoi A.26	GS	DSP	Iomlán
Iomardú	11	18	29
Foláireamh	14	148	162
Rabhadh	6	15	21
Comhairle	1	8	9
<b>Iomlán</b>	<b>32</b>	<b>189</b>	<b>221</b>

Cásanna Daoine Aonair arna gcur i gcrích in 2012 de réir earnála agus an chúis leis an gcur i gcrích

Leagtar amach sa chairt a leanas na cásanna i leith daoine aonair a cuireadh i gcrích in 2012. Bhain an chuid ba mhó díobh le gníomhartha foirmiúla a ndeachas ina mbun mar thoradh ar neamhchomhlíonadh caitheamh suaitheantas aitheantais nó saincheistanna eile a aimsíodh le linn iniúchtaí.

An Chúis leis an gCur i gCrích	DSP	GS	Iomlán
Saincheistanna Iarimscrúdaithe/Iarfhiosrúcháin arna gCur i gCrích	9	5	14
Níl sé/sí Fostaithe a Thuilleadh	23	6	29
Ceadúnaithe	18	1	19
Ceadúnas arna Chúlghairm	0	1	1
Ceadúnas arna Chur ar Fionraí tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	2	0	2
Ceadúnas arna Mholadh tar éis Gníomhaíocht Forfheidhmithe	3	1	4
Faisnéis Neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnú	9	2	11
Gníomhaíocht Neamh-Incheadúnaithe	1	2	3
Comhairle arna hEisiúint	8	1	9
Rabhadh arna Eisiúint	15	6	21
Foláireamh arna Eisiúint	148	14	162
Iomardú arna Eisiúint	18	11	29
Fógra Foirmiúil arna Eisiúint don Iarratasóir	2	0	2
Níor leanadh ar aghaidh leis an nGearán faoi Alt 39	3	0	3
<b>Iomlán</b>	<b>259</b>	<b>50</b>	<b>309</b>

(Áirítear leis an bhfigiúr earnálacha eile nach raibh incheadúnaithe tráth an imscrúdaithe.)

## Gníomhaíocht i leith Cliant

Is gné an-tábhachtach den obair forfheidhmithe sprioc a dhéanamh de chliant. Bhí an chumhacht chun cliant de chuid soláthróir neamhceadúnaithe seirbhís slándála a ionchúiseamh mar cheann de na huirlisí ab éifeachtaí chun comhlíonadh ceanglais cheadúnaithe a chinntiú. I rith 2012, rinneadh úinéir óstáin a ionchúiseamh mar gheall ar bheirt daoine aonair neamhceadúnaithe a fhostú, tar éis foláireamh a fhail ag iniúchóirí an PSA roimhe seo agus tar éis gur cuireadh ar an eolas é ar na riachtanais chun daoine aonair ceadúnaithe a fhostú mar dhoirseoirí.

B'ann do líon suntasach cásanna ónar theastaigh obair mhionsonraithe imscrúdaithe ar na conraitheoirí agus a gcliain. I líon cásanna, rinneadh gach cliant a rianú lena chinntiú gur chuir an cliant an Conradh i gcrích agus gur aistríodh an Conradh chuig conraitheoir ceadúnaithe nó i roinnt cásanna, d'aistrigh an cliant an fhoireann slándála ina foireann intí. Ní féidir imscrúdú breise a dhéanamh ar nach mór 45% den fhaisnéis a fuarthas in 2012 maidir le cliant mar gheall nárbh leor an fhaisnéis a fuarthas. Tá an ráta seo ar aon dul, den chuid is mó, le ráta 2011 maidir leis an bhfaisnéis a fuarthas nach féidir breis gníomhartha a dhéanamh ina taobh. Déanfaidh an PSA athbhreithniú ar an bpróiseas faoina bhfaightear na tuairiscí sin agus déanfaidh siad bhreithniú ar na bearta riachtanacha, más ann dóibh, is féidir a ghlacadh chun feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a soláthraíodh.

### Cásanna Cliant arna gcur i gcrích i rith 2012, de réir earnála agus an chúis leis an gcur i gcrích

An Chúis leis an gCur i gCrích	DSP	GS	AI	CCTV	Iomlán
Saincheisteanna Iarimscrúdaithe/ Iarfhiosrúcháin arna gCur i gCrích	13	2	12		27
Bhí an Conraitheoir a úsáideadh Cuimsithe ag Ordú Díolúine			3		3
Níltear ag Oibriú a Thuilleadh	1	1			2
Ionchúiseamh Bainte Amach	1				1
Faisnéis Neamhdhóthanach chun Imscrúdú breise a réasúnú	6	6	54	1	67
Gníomhaíocht Neamh-Incheadúnaithe	2	3	45		50
<b>Iomlán</b>	<b>23</b>	<b>12</b>	<b>114</b>	<b>1</b>	<b>150</b>

(Áirítear leis an bhfigiúr earnálacha eile nach raibh incheadúnaithe tráth an imscrúdaithe.)

### **Gearáin fhoirmiúla i leith ceadúnaithe (A.39 de na hAchtanna)**

Fuair an PSA 26 gearán foirmiúil i leith ceadúnaithe, bhí 13 díobh i leith daoine aonair. Déileáladh leis an uile chás faoi Alt 39 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 agus i gcomhréir leis na Rialacháin Slándála Príobháidí (Nósanna Imeachta Gearáin), 2006. B'ionann líon na gcásanna a cuireadh i gcrích agus 23 agus áirítear i measc na dtorthaí: 3 chás nár glacadh aon ghníomhaíocht i leith na gceadúnaithe; 3 chás níor sáraíodh an reachtaíocht agus 15 chás nár leanadh ar aghaidh leo agus imscrúdú iomlán a dhéanamh, mar gheall nár mhian leis na gearánaithe leanúint ar aghaidh níos mó leis an ngearán. I dtuairim an PSA, áfach, tabharfar faoi aon chás a mheasann siad a dteastaíonn níos mó imscrúdú uaidh. In 2 chás, bhí an fhaisnéis neamhdhóthanach ann chun leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú. Faoi láthair, tá 3 bheochás ann a bhfuiltear ag tabhairt airde orthu.

### **Ionchúisimh**

Achoimre atá sa mhéid a leanas ar chásanna ionchúisimh a cuireadh faoi bhráid aturnaetha agus ar éisteach leo sa Chúirt in 2012:

#### **Achoimre ar Chásanna Ionchúisimh**

<b>Cásanna lena n-ionchúiseamh</b>	<b>Iomlán</b>	<b>GS</b>	<b>DSP</b>	<b>Suiteálaí Aláraim</b>
Líon na gcásanna arna gcur ar aghaidh lena n-ionchúiseamh	4	0	2	2
Líon na gcásanna a sháraigh Alt 37 den Acht (arna oibriú gan cheadúnas)	3	0	1	2
Líon na gcásanna a sháraigh Alt 38 den Acht (duine neamhcheadúnaithe arna fhostú)	1	0	1	0
Líon na gcásanna ionchúisimh ar éisteach leo sa Chúirt	4	0	2	2
Líon na gcásanna rathúla ionchúisimh	4	0	2	2
Líon na gcásanna neamhrathúla ionchúisimh	0	0	0	0

Thug Rannán Forfheidhmithe an PSA 4 chás chun na Cúirte in 2012 agus d'éirigh leo ceithre ionchúiseamh rathúla a dhéanamh, bhí 2 cheann díobh seo san earnáil Doirseora (áitreabh ceadúnaithe) agus áiríodh leis seo dhá cheann san Earnáil Aláraim Ionraidh.

Anuas air sin, rinneadh úinéir club oíche a ionchúiseamh mar gheall ar dhuine aonair neamhcheadúnaithe a fhostú. I gcás eile, eisíodh Barántas Binse do ghabháil conraitheoir

amháin suiteálaí aláraim a rinneadh a chiontú ina dhiaidh sin agus ordaíodh dó nach mór €1,584 i bhFíneálacha agus i gCostais a íoc. Ionchúisíodh agus ciontaíodh suiteálaí aláraim ionraidh amháin ar dhá chás inar suiteáladh aláram in 2011 agus gearradh fíneálacha agus costais €11,134 air. Rinne an conraitheoir na costais agus na fíneálacha a achomharc ar bhunús déine. Tar éis achomharc a dhéanamh, rinneadh na fíneálacha agus na costais a laghdú.

Rinneadh fíneálacha €1,500 agus costais €3,234, ar an iomlán, a dhámhachtain i gcásanna a chuir an PSA tús leo in 2012. Tá líon cásanna eile á réiteach ag Iniúcháirí an PSA lena n-ionchúiseamh, agus tiocfaidh siad os comhair na Cúirte i rith 2013.

### Liosta na gcuideachtaí a rinne an PSA a ionchúiseamh go rathúil in 2012

Uimhir	Ainm	Seoladh	Earnáil agus an tAlt den Acht a sáraíodh	Dáta an ionchúisimh
1	Noel Leavy	An Chearnóg, an Seanchaisleán, Contae na Mí.	<b>DSP A.38</b> <b>Seirbhís slándála neamhcheadúnaithe á húsáid</b>	20/1/2012
2	Prima Security Limited	29 Céide Mhaolmhaodhóg, Na Glaschnoic, Baile Átha Cliath 12.	<b>IAS A.37</b> <b>Seirbhís slándála neamhcheadúnaithe á soláthar</b>	21/05/2012
3	Liam Whoriskey ag trádáil mar Whoriskey Security Systems	Uimh. 5 Bóthar na Darach, Céide Uí Chonaill, Droichead Nua, Contae Chill Dara.	<b>IAS A.37</b> <b>Seirbhís slándála neamhcheadúnaithe á soláthar</b>	12/9/2012 10/10/2012 3/12/2012
4	William O'Sullivan nó Billy O'Sullivan is fearr aithne	Gleann an Churraigh, Bóthar Dhúglaise Theas, Corcaigh.	<b>DSP A.37</b> <b>Seirbhís slándála neamhcheadúnaithe á soláthar</b>	4/10/2012

(Earnálacha a sáraíodh: Suiteálaí = 2; Dóirseoir = 2)

### Idirchaidreamh Údaráis Slándála Príobháidí le Gníomhaireachtaí Stáit

Chuir an PSA struchtúr i dtoll a chéile chun idirchaidreamh agus comhairliúchán a dhéanamh ar shaincheistanna le gníomhaireachtaí eile Stáit d'fhonn ár gcomhfhreagrachtaí a chomhlíonadh. Chomhoibrigh an PSA i bpáirtíocht agus le cúnaimh ón nGarda Síochána, Coimirce Shóisialach agus na Coimisinéirí Ioncaim chun tabhairt faoi iniúchtaí. Bhí éifeacht ag an gcomhoibriú seo maidir le spriociniúchtaí, monatóireacht a



dhéanamh ar ghníomhaíocht ar fud na hearnála slándála príobháidí, faisnéis a bhailiú agus comhlíonadh méadaithe a bhaint amach san earnáil.

Thit idirchaidreamh amach leis an nGarda Síochána ar líon leibhéal. Maidir leis na hearnálacha DSP agus GS, chuir siad cúnaimh ar fáil maidir le cásanna áirithe. In 27 cás, ina raibh 278 ionad i gceist, chuaigh na Gardaí i gcuideachta Iniúcháirí an PSA le linn iniúchtaí oíche. Sa bhreis air sin, d'oibrigh an PSA go dlúth leis na Coimisinéirí Ioncaim le sprioc a dhéanamh de láithreacha agus d'ionaid mar gheall ar neamhchomhlíonadh na nAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 agus mar gheall ar shaincheisteanna comhlíonta cánach. 11 uair, ina raibh 106 ionad i gceist, thug an PSA agus na Coimisinéirí Ioncaim faoi chomhiniúchtaí. Leanfaidh an PSA ag oibriú go comhoibritheach le gníomhaireachtaí Stáit ag iarraidh comhlíonadh a bhaint amach sna hearnálacha slándála príobháidí.

I rith 2012, d'úsáid an PSA an Meabhrán Tuisceana a bunaíodh idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an PSA chun faisnéis a fháil maidir le comhlíonadh cánach conraitheoirí. D'iarr an PSA ar fhaisnéis i 73 cás, ar an iomlán, i gcomparáid le 104 cás in 2011 agus sholáthair siad faisnéis, ar iarraidh sin, ó na Coimisinéirí Ioncaim in 4 chás, i gcomparáid le 7 n-iarratas ar fhaisnéis a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim in 2011. Ba léir gurbh uirlis rathúil an malartú faisnéise seo don dá eagraíocht, maidir le faisnéis chruinn a fháil agus ligean don PSA measúnú iomlán a dhéanamh ar chásanna áirithe agus leanfaidh an comhoibriú seo ar aghaidh in 2013.

Leantar le hidirchaidreamh leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA) i dtaca le saincheisteanna cearta fostaíochta agus sa chás gur cuí, déanann an PSA gearáin ábhartha a chur faoi bhráid an NERA go díreach.

Ina theannta sin, i rith 2012, d'úsáid an PSA an bealach foirmiúil chun rochtain a fháil ar shonraí Chlárlann na Talún agus d'úsáid siad seirbhís an Údaráis Chlárúcháin Maoine chun sonraí a fháil ar úinéireacht mhaoine chun lámh chúnta a thabhairt don PSA lena gcuid imscrúduithe a chur chun cinn.

### Sprioc 3: Caighdeán a ardú laistigh den Tionscal

#### Caighdeán Chonraitheoirí

##### Ginearálta

Ní mór do chonraitheoirí atá ag iarraidh seirbhísí slándála a sholáthar cloí leis na caighdeáin a fhorordaíonn an tÚdarás.

Déanann an tÚdarás dhá shaghas caighdeán a fhorordú:

- Caighdeán Chórais Bhainistíochta Cáilíochta agus
- Caighdeán Táirge/Theicniúla

Is é cuspóir na gcaighdeán bainistíochta cáilíochta dea-chleachtais ghnó a shonrú i soláthar seirbhísí slándála agus déantar limistéir ar nós struchtúr gnó, caidreamh le cliaint agus cáilíocht na seirbhíse, oiliúint foirne agus nósanna imeachta earcaíochta a chuimsiú. Sonraíonn caighdeáin táirge nó theicniúla ceanglais shonracha nó oibríochtúla don saghas ar leith slándála a chuirtear ar fáil.

#### *Caighdeáin a Fhorordaítear le haghaidh Ceadúnú*

<b>EARNÁIL</b>	<b>Caighdeán Ábhartha Bainistíochta Cáilíochta</b>	<b>Caighdeán Ábhartha Táirge nó Teicniúil</b>
Slándáil Dorais	I.R. 999:2004	N/B
Gardáil Slándála (Statach)	I.R. 999:2004	N/B
Garda Slándála (Monatóireacht)	SR41	I.R. 228
Suiteálaí Rialú Rochtana	SR40	N/B
Suiteálaí CCTV	SR40	PSA 2006/12
Suiteálaithe Aláirim Ionraidh	SR40	IS EN50131-1 agus IS EN50131-7
Airgead faoi Bhealach	I.R. 998	PSA CIT1/2007

## **Athbhreithniú**

Ba bhliain eachtrúil 2012 don Údarás agus rinneadh dul chun cinn i líon príomhlimistéar. Thug tabhairt isteach an cheadúnaithe chuig na hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV chun deiridh obair an Údaráis i bhforbairt agus i bhforordú caighdeán sna limistéir seo. Rinneadh dul chun cinn ar athbhreithniú an chaighdeáin a bhain le conraitheoirí Doirseora agus Garda Slándála (Statach) agus foilsíodh dréachtchaighdeán le haghaidh comhairliúchán poiblí i Márta. Cuireadh na dréachtrialacháin, a theastaigh le tabhairt isteach cheadúnaithe go dtí an earnáil slándáil Imeachtaí a cheadú, faoi bhráid Oifig an Ard-Aighne agus cuireadh tús le hobair ullmhúcháin ar chaighdeán a dhréachtú don earnáil Ghlasadóirí. Anuas air sin, tosaíodh le comhairliúchán le páirtithe leasmhara ar thabhairt isteach cheadúnaithe le haghaidh Ionaid Mhonatóireachta CCTV, chomh maith, mar aon le hobair ar athbhreithniú ar an gcaighdeán teicniúil le haghaidh Airgid faoi Bhealach.

## **An Caighdeán le haghaidh na nEarnálacha Doirseora agus Garda Slándála (Statach)**

Sa mhullach air sin, lean obair ar chaighdeán nua le haghaidh na n-earnálacha Doirseora, Garda Slándála (Statach) agus Slándáil Imeachtaí in 2012, agus chuir an grúpa oibre a bunaíodh in 2011 forbairt an chaighdeáin chun cinn. Foilsíodh dréachtcháipéis le haghaidh comhairliúchán poiblí i Márta dar teideal “*Caighdeán do Cheadúnú an PSA – Riachtanais do na seirbhísí ceadúnaithe a bhaineann le Gardáil Slándála, Doirseoireacht agus Slándáil Imeachtaí amach anseo*” (‘A Standard for PSA Licensing – Future requirements for the licensing of services relating to Security Guarding, Door Supervision and Event Security’). Fuarthas 12 aighneacht ó réimse daoine aonair agus grúpaí agus rinne an grúpa oibre breithniú ar an gcéanna in Iúil. Rinneadh an dréacht is déanaí den cháipéis a scaipeadh ar bhail an ghrúpa oibre i Samhain agus tá sé beartaithe go gcuirfear i gcrích ainm a chur leis an leagan deiridh go luath in 2013.

Cé gur cuireadh san áireamh an earnáil Slándáil Imeachta sa dréachtcháipéis “*Caighdeán do Cheadúnú*”, baineadh an ghné seo den cháipéis tar éis imeachtaí a tharla i bPáirc an Fhionnuisce i gcaitheamh an tsamhraidh. Tá cinneadh déanta ag an Údarás chun caighdeán ar leith a fhorbairt le haghaidh Slándáil Imeachtaí féachaint leis an earnáil a cheadúnú in 2013.

### **Suiteálaithe Aláram Ionraidh**

Tá Suiteálaithe Aláram Ionraidh faoi réir cheadúnú agus ní mór do chonraitheoirí san earnáil seo comhlíonadh teicniúil a bhaint amach le IS EN 50130 (Cuid 1 agus 7) mar chuid de na ceanglais cheadúnaithe. Níl ceanglais chaighdeán IS EN 50131 bainte amach ag conraitheoirí nár shuiteáil aláram ó tugadh ceadúnú isteach san earnáil in 2006 agus a leanann ar aghaidh le cothabháil a dhéanamh ar aláram.

I gcaitheamh 2012, thug an PSA ceanglais shonracha isteach atá dírithe ar an líon beag conraitheoirí a thagann faoi chuimsiú na catagóire ‘cothabháil amháin’ agus thug siad ceadúnas cothabhála amháin isteach chun ceadúnú na gconraitheoirí seo a éascú. Chabhraigh seo le soiléireacht a chruthú do na conraitheoirí cothabhála amháin, ar limistéar seo ina mbíodh roinnt mearbhaill ann roimhe seo.

### **Suiteálaithe Rialú Rochtana agus CCTV**

Chríochnaigh an tÚdarás obair ar na rialacháin reachtaíochta a theastaíonn le haghaidh cheadúnú na n-earnálacha Rialú Rochtana agus CCTV in Aibreán agus shínigh an tAire na rialacháin le haghaidh Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mBealtaine. Cuireadh i bhfeidhm ceadúnú conraitheoirí a chuireann seirbhísí Rialú Rochtana agus CCTV ón 1 Deireadh Fómhair 2012. Is é an caighdeán le haghaidh ceadúnú CCTV PSA 2006\_12, cáipéis theicniúil arna forbairt ag an Údarás. Ina theannta sin, tá ar chonraitheoirí CCTV comhlíonadh le SR 40 a léiriú, an córas bainistíochta caighdeán atá in úsáid cheana féin le haghaidh Suiteálaithe Aláram Ionraidh. Ina theannta sin, úsáidtear córas bainistíochta caighdeán SR 40 chun bheith mar bhonn agus taca le ceadúnú conraitheoirí Rialú Rochtana. Tá sé beartaithe cáipéis riachtanas teicniúil a fhorbairt ina gcuimsítear Rialú Rochtana amach anseo.

### **Slándáil Imeachtaí**

Amhail a luaitear in áiteanna eile, bhí mír ar Shlándáil Imeachtaí san áireamh sa cháipéis chomhairliúcháin phoiblí “*Caighdeán do Cheadúnú an PSA*” a rinneadh a bhaint ina dhiaidh sin tar éis gur tharla imeachtaí i bPáirc an Fhionnuisce. Tá caighdeán a bhaineann go sonrach le Slándáil Imeachtaí á dhréachtú ag an Údarás, féachaint le cáipéis chomhairliúcháin a fhoilsiú go luath in 2013. Ina theannta sin, dhréachtaigh an tÚdarás rialacháin reachtúla don earnáil seo, agus tá plé ar bun acu leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le hOifig an Ard-Aighne ar ábhair an chéanna. Tosófar le

comhairliúchán leis an tionscal Slándáil Imeachtaí in 2013, féachaint leis an earnáil a cheadúnú i gcaitheamh na bliana 2013.

### **Glasadóirí**

Le linn 2012, scaip an tÚdarás dréachtchaighdeán le haghaidh ceadúnú Glasadóirí agus Suiteálaithe Taisceadán do Chumann Glasadóirí na hÉireann mar réamhtheachtaí d'fhorbairt caighdeán do na hearnálacha seo. Lean plé ar an gcáipéis agus in 2013, tá sé beartaithe grúpa oibre a bhunú chun an caighdeán a fhorbairt níos mó. Is é an cuspóir forbairt an chaighdeán a chríochnú agus dáta a shocrú do cheadúnú Glasadóirí agus Suiteálaithe Taisceadán. Leanann ceadúnú na hearnála Glasadóirí go loighciúil ó thabhairt isteach ceadúnaithe don earnáil Rialú Rochtana os rud é gur rialú rochtana a bhaineann go sonrach leis an earnáil ghlasadóirí atá i gceist le glais mheicniúla agus meicníochtaí glasála.

### **Ionaid Mhonatóireachta CCTV**

Thit comhairliúcháin amach le Fóram na nIonad Náisiúnta Monatóireachta, a léiríonn ionadaíocht d'Ionaid cheadúnaithe Mhonatóireachta, maidir le tabhairt isteach sraith Eorpach caighdeán (EN 50518 Cuid 1, 2 agus 3) le haghaidh ionaid mhonatóireachta chun dul in ionad chaighdeán reatha náisiúnta na hÉireann – IS 228 a úsáidtear ar mhaithe le cuspóirí ceadúnais.

Ina theannta sin, thit plé amach ar thabhairt isteach ceadúnaithe le haghaidh Ionaid Mhonatóireachta CCTV tar éis tabhairt isteach ceadúnaithe le haghaidh Suiteálaithe CCTV. Mar chuid den phlé seo, cuireadh tús le hathbhreithniú ar SR 45, an caighdeán sonrach monatóireachta atá beartaithe le húsáid mar chuid de cheadúnú an PSA, agus tá an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ag tabhairt faoi. Tá súil leis go gcuirfear i gcrích an t-athbhreithniú go luath in 2013. I dturas an ama, tá rialacháin reachtúla dréachtaithe ag an Údarás a chuirfidh ceadúnú Ionaid Mhonatóireachta CCTV i bhfeidhm.

### **Airgead faoi Bhealach**

Cuireadh tús le hobair ar athbhreithniú an chaighdeán theicniúil le haghaidh ceadúnú Airgid faoi Bhealach (PSA CIT1:2007) leis an nGarda Síochána agus cúnamh á chur ar fáil ag comhairleoirí teicniúla an Údaráis maidir le dréachtú na cáipéise nua. Déanfar

dréachtcháipéis a scaipeadh ar ionadaithe an tionscail in Eanáir 2013, agus plé, ina dhiaidh sin, leis na páirtithe leasmhara éagsúla. Tá súil leis an gcaighdeán athbhreithnithe a eisiúint i ráithe 3 de 2013.

### **Earnálacha Eile**

Níl na caighdeáin ag na hearnálacha eile faoi láthair atá le ceadúnú go fóill agus teastaíonn go leor obair forbartha a dhéanamh orthu sula gcuirfear tús le ceadúnú. In 2013, tá sé beartaithe ag an Údarás grúpa oibre a bhunú chun machnamh a dhéanamh ar chaighdeán a fhorbairt le haghaidh Imscrúdaitheoirí Príobháideacha féachaint leis an earnáil a cheadúnú in 2014. Déanfar breithniú ar cheadúnú a shíneadh chuig earnálacha eile nuair a bheidh an méid reatha oibre lena mbaineann Airgead faoi Bhealach, Ionaid Mhonatóireachta CCTV, Slándáil Imeachtaí, Suiteálaithe Taisceadán, Glasadóirí agus Imscrúdaitheoirí Príobháideacha críochnaithe.

### **Comhlachtaí Iniúchta**

Déanann comhlachtaí neamhspleácha deimhnithe iniúchadh ar na caighdeáin a fhorordaíonn an tÚdarás le haghaidh ceadúnú. D'fhaomh an tÚdarás comhlacht nua deimhnithe in 2012, agus mhéadaigh seo an líon comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchta do chonraitheoirí ceadúnaithe go dtí 7. Casann an Fóram Comhlachtaí Deimhnithe ar a chéile go rialta agus déanann siad soláthar le haghaidh comhairliúchán leanúnach idir an tÚdarás agus na comhlachtaí deimhnithe caighdeán. Cinntíonn an Fóram Comhlachtaí Deimhnithe seo go mbaintear amach riachtanais cheadúnaithe an Údaráis agus go bhfuil comhsheasmhacht ann i measc na gcomhlachtaí deimhnithe nuair a bhíonn iniúchadh á dhéanamh ar chonraitheoirí.

Ina theannta sin, téann an tÚdarás i gcomhairle le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú comhlachtaí deimhnithe, ar shaincheistanna lena mbaineann comhleas i dtaobh na gcomhlachtaí deimhnithe. Anuas air sin, déanann Coiste Teicniúil 13 Chomhairle Leictreitheicniúil na hÉireann ionadaíocht don Údarás, a dhéanann plé ar shaincheistanna ar nós aláirim ionraidh, CCTV, ionaid mhonatóireachta agus limistéir eile a bhaineann leis an tslándáil.

## **Ceanglais Oiliúna le haghaidh Daoine Aonair**

Lean an tÚdarás lena gcuid cuspóirí a bhaint amach maidir lena sainchúram i dtaca le gníomhaíochtaí oiliúna in 2012, agus lean siad le cur le claochlú an tionscail slándála príobháidí. Le linn 2012, thug an tÚdarás faoi roinnt taighde tábhachtach cúlra, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a bhí mar bhonn agus taca le déanamh cinntí Bhord na Feidhmeannachta ar líon saincheistanna.

## **Comhaitheantas Cáilíochtaí Iasachta**

Sainmhíononn an Treoir um Chomhaitheantas Cáilíochtaí (Treoir 2005/36/CE, arna leasú ag 2006/100/CE) sraith rialacha a ligeann do ghairmithe a bhain cáilíochtaí amach i mBallstát amháin a ngairm a fheidhmiú i mBallstát eile. Corpraíodh an Treoir seo i nDlí na hÉireann in 2008.

Is iad an tÚdarás Slándála Príobháidí an tÚdarás sannta Inniúil le haghaidh thionscadal slándála príobháidí na hÉireann. Tá an tÚdarás freagrach as measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí a baineadh amach lasmuigh de dhlínse na hÉireann, a thagann faoi chuimsiú scóip na Treorach, lena dheimhniú cibé acu an bhfuil na cáilíochtaí siúd inghlactha nó nach bhfuil, maidir leis na híosriachtanais oiliúna a bhaint amach ar mhaithe le teidlíocht i leith ceadúnais a fháil sna hearnálacha a cheadúnaítear sa Stát faoi láthair.

Sa chás gur sainaithníodh easnaimh sa cháilíocht a baineadh amach nó a bronnadh i mBallstát eile, a mbeadh tionchar diúltach aige ar scil agus ar inniúlacht an duine aonair chun tabhairt faoi na dualgais a theastaíonn, ordóidh an t-údarás inniúil, amhail a cheanglaítear faoin Treoir, go dtabharfaidh an duine a bhfuil an cháilíocht faoina s(h)eilbh, faoi mheasúnú nó faoi thréimhse oiriúnaithe chun dul i ngleic leis na heasnaimh san fhoghlaim.

In 2012, d'fhreagair an tÚdarás i scríbhinn ar 40 fiosrúchán ar aitheantas cáilíochtaí iasachta as ar eascair 3 iarratas fhoirmiúla. In 2 chás, cuireadh i gcrích an próiseas athbhreithnithe, agus sa chás eile, d'aistarraing an t-iarratasóir a iarratas níos déanaí. Déanfaidh tabhairt isteach an cheadúnaithe in earnálacha eile den tionscal breis forbartha ar an réimse cáilíochtaí a gceanglófar ar an PSA athbhreithniú a dhéanamh orthu faoin Treoir.

Chuir an Rannán tuairisc éigeantach faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna (arb iad pointe sannta teagmhála na hÉireann) maidir le hiarratais a fuair an tÚdarás in 2011 do

cháilíochtaí a ndearnadh athbhreithniú orthu faoi Threoir 2005/36/CE an AE. Sa bhreis air sin, rinne an tÚdarás monatóireacht i gcaitheamh 2012 ar fhoilseacháin agus ar thograí chun treoir an AE a leasú ag an gCoimisiún Eorpach.

Forordaíonn Rialachán Ceadúnú agus Cáilíochtaí Slándála Príobháidí, 2006 dhá Mhiondámhachtain FETAC Leibhéal 4 nó a gcoibhéis mar an gcaighdeán íosta oiliúna ar mhaithe le hincháilitheacht do cheadúnas sna hearnálacha aonair atá ceadúnaithe cheana féin. Leanann an tÚdarás, nuair is cuí, le hathbhreithnithe coibhéise a chur i gcrích lena dheimhniú coibhéis dámhachtainí eile slándála Éireannacha leo siúd atá forordaithe sa reachtaíocht.

### **Liostáil gréasánbhunaithe Soláthróirí agus Cláir Chreidiúnaithe Oiliúna FETAC.**

I rith 2012, lean an tÚdarás le liosta de sholáthróirí um oiliúint slándála atá creidiúnaithe ag FETAC a nuashonrú, mar aon le liosta de chláir a chuireann siad ar fáil ar a láithreán gréasáin. Rinneadh FETAC a chónascadh i Samhain 2012 le comhlachtaí oideachais eile isteach i gcomhlacht amháin ar a dtugtar Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).

### **Deimhniú FETAC**

I rith 2012, tharla cónascadh Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC), Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC), Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) agus Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) agus bhí plé ar bun ag an Údarás leis an gcomhlacht seo ar shaincheist na riachtanas nuashonraithe le haghaidh Scileanna Gardála agus Dámhachtainí Nósanna Imeachta Slándáil Doirse a tháinig i bhfeidhm i Nollaig 2012. 6 huairé sa bhliain a tharlaíonn tréimhsí Deimhnithe Dámhachtana agus eisítear deimhnithe FETAC/QQI do na hiarrthóirí siúd a raibh an rath orthu sa mheasúnú a leanann na huairéanta foghlama díri atá oiriúnach don chúrsa. Leanann an tÚdarás le glacadh le Foirmeacha TRF a chuireann an soláthraí oiliúna i dtoll a chéile agus iarratais ar cheadúnais á bpróiseáil aige/aici. Rinneadh an Fhoirm TRF a nuashonrú i Nollaig 2012 chun an cónascadh a luaitear thuas a chur san áireamh. Sáraíonn na foirmeacha seo an tréimhse feithimh ar an Deimhniú foirmiúil Dámhachtana ag an iarratasóir.



Déanfaidh an tÚdarás monatóireacht ar an éifeachtúlacht, ó pheirspictíocht cheadúnaithe, ar Scéim nua Dámhachtainí Coiteanna an QQI a tháinig i bhfeidhm go déanach in 2012 agus a lorgaíonn na dámhachtainí a thabhairt chun rialtacha i líon earnálacha, lena n-áirítear an tionscal príobháideach. Tabharfaidh an tÚdarás, i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe sa QQI, faoina chinntiú go ndéantar oiliúint fhorordaithe i limistéir an tionscail phríobháidigh a sheachadadh ar bhealach comhsheasmhach agus éifeachtach a chuirfidh neart faoinár dtiomantas chun caighdeán a fheabhsú san earnáil slándála príobháidí. Déanfar aon ghearáin i dtaca lena chur i bhfeidhm a fhaigheann an tÚdarás a chur faoi bhráid an QQI lena n-imscrúdú agus déanfaidh an tÚdarás measúnú ar aon tionchar a imríonn torthaí imscrúdú an QQI ar bhailíocht cheadúnas an PSA.

### **Ceadúnú Daoine Aonair Airgead faoi Bhealach (CIT).**

Tugadh gach ullmhúchán le haghaidh cheadúnú na hearnála seo i gcrích in 2012 tar éis taighde agus comhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara an tionscail. Bhí plé ar bun ag an Údarás le hionadaithe fostóirí agus fostaithe i dtaca le cur i bhfeidhm ceadúnú daoine aonair a sholáthraíonn seirbhís slándála le linn 2012. Tar éis an phlé seo, rinne an tÚdarás an cinneadh chun tús a chur le ceadúnú na hearnála seo den tionscal slándála i mBealtaine 2013. D'éascaigh fógairt Ionstraim Reachtúil (I.R. 484 de 2012) ceadúnú na hearnála seo, a chuireann bonn dlíthiúil faoi cheadúnú na hearnála seo. Cuimsítear na riachtanais oiliúna le haghaidh fostaithe incheadúnaithe laistigh den I.R. seo agus, mar gheall ar nádúr uathúil na ngníomhaíochtaí faoinar thug na daoine siúd, baineann oiliúint fhorordaithe le hoiliúint ionduchtaithe intí ag Conraitheoirí Airgid faoi Bhealach incheadúnaithe.

Mairfidh an oiliúint ar feadh 30 uair ar a laghad agus cuimseoidh sí limistéir ar nós:

- Feidhmeanna agus dualgais fostaithe CIT
- Córais sábháilteachta agus slándála
- Cóid agus cleachtais dhlíthiúla
- Príomhchúiseanna le sárúithe slándála agus na cúiseanna leo
- Rialacháin ghinearálta sláinte agus sábháilteachta
- Scileanna cumarsáide ó bhéal agus scríofa
- Nósanna imeachta ginearálta oibríochtúla
- Nósanna imeachta réamhphleanála, tuairiscithe agus scríofa i gcás teagmhais

Déanfar ceanglas dlíthiúil de cheadúnú na bhfostaithe siúd le héifeacht ón 1 Bealtaine 2013.

### **Grúpa Comhairleach Ceadúnaithe agus Oiliúna**

Thit chéad chruinniú an ghrúpa chomhairligh oiliúna amach, inar ghlac an tionscal, soláthraithe oiliúna agus cliaint páirt an 8 Samhain 2012. Rinne an grúpa seo plé ginearálta ar shaincheisteanna lena mbaineann riachtanais oiliúna phearsanra Slándáil Doirse agus Gardáil Slándála. Ag chéad chruinniú an ghrúpa seo, bhí an plé dírithe ar na limistéir a ndéanfaidh an grúpa breithniú orthu. Is iad seo:

- Sainaitheint Croiscileanna
- Breithniú ar aon oiliúint bhreise a theastaíonn
- Measúnú ar oiliúint athnuachana a theastaíonn
- Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir leis modhanna is féidir oiliúint a sheachadadh
- An áit a bhfuil feidhm ag Aithint Foghlama Roimhe Seo (RPL)
- Oiliúint na hÉireann i gcomhthéacs Eorpach

Tá breis cruinnithe sceidealaithe le haghaidh 2013. Ag conclúid bhreithniúcháin an ghrúpa, tabharfar aon torthaí os comhair an Bhoird lena mbreithniú. Déanfaidh an grúpa oiliúna seo scrúdú ar go leor gnéithe d'fhorbairt oiliúna amach anseo laistigh de na hearnálacha gardáil slándála agus maoirseacht doirse. Tá súil leis go gcuirfidh an obair, ar chuir an Grúpa Oiliúna tús léi, faisnéis ar fáil do na riachtanais bhreise oiliúna, más ann dóibh, a theastóidh ó fhorbairt na n-earnálacha ceadúnaithe agus na dtosaíochtaí oiliúna amach anseo i dtaca le caighdeáin sna hearnálacha a ardú.

### **Maoirseoirí Gardála**

Tá scrúdú á dhéanamh ag an Údarás ar shaincheisteanna maidir leis an bhféidearthacht chun Maoirseoirí Gardála a cheadúnú amach anseo. Cuirfear tús le próiseas comhairliúcháin in 2013.

## **Sprioc 4: Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht na Cumarsáide**

### **Athbhreithniú**

B'ann do dhá mhóirmeacht cumarsáide don Údarás in 2012, comhdháil an PSA le haghaidh pháirtithe leasmhara an tionscail i mBealtaine agus an clár meán maidir le tabhairt isteach an cheadúnaithe chuig na hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV i nDeireadh Fómhair. Lean ár n-earraí rialta nuachta, nuashonruithe ríomhirise agus láithreán Gréasáin bheith mar dhíol spéise i measc an tionscail agus an phobail mhóir agus d'fhreagair an tÚdarás go rialta ar fhiosrúcháin a tháinig chun solais tar éis na hearraí seo a fhoilsiú.

Tugadh athbhreithniú ar ár láithreán Gréasáin chun críche le linn na bliana agus forbraíodh teimpléad do láithreán Gréasáin feabhsaithe. Is é an cuspóir atá againn chun tús a chur le hobair ar láithreán Gréasáin i rith 2013.

### **Comhdháil an PSA**

Ba é Caisleán Bhaile Átha Cliath an t-ionad le haghaidh chéad chomhdháil tionscail an Údaráis, a bhí ar siúl i mBealtaine. Ba é téama na comhdhála *“An Tionscal Slándála a Rialú, an tEispéireas go dtí seo, na Ceachtanna don Todhchaí”* (‘Regulating the Security Industry, the Experiences so far, the Lessons for the Future’) agus chruthaigh an chomhdháil an deis chun dul i dteagmháil le Bord an Údaráis. D’fhreastail sealbhóirí ceadúnais, fostóirí aontais den tionscal slándála, úsáideoirí na seirbhíse slándála agus comhlachtaí deimhnithe, i measc daoine eile, ar an gcomhdháil, a d’oscail an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Alan Shatter, T.D.

Is éard a bhí i gceist leis an gcomhdháil ná 3 sheisiún a tháinig chun cinn ó théama na comhdhála, *an uaimhian agus an réalachas, dul i ngleic leis an réalachas agus ag féachaint chun cinn* (‘the ambition and the reality, tackling the reality agus looking to the future’) rinne cainteoirí ó Éirinn agus ó thar lear cur i láthair. Sa bhreis air sin, tugadh roinnt ama don phainéal chun plé oscailte a dhéanamh agus tugadh an deis do gach duine a d’fhreastail ar an gcomhdháil ionchur a bheith acu sa phlé. I measc iad siúd a labhair ag an gcomhdháil, bhí Bill Butler, POF Údarás Tionscal Slándála na RA, Hilde de Clerk,

Uachtarán Chónaidhm Sheirbhísí Slándála na hEorpa agus David Hull, Stiúrthóir Sinsearach na Sábháilteachta Domhanda agus na Slándála ag eBay.

Tá tuarascáil ar an gcomhdháil foilsithe agus tá fáil uirthi ón mír Nuachta ar ár láithreán Gréasáin.

### **Feachtas chun Ceadúnú Rialú Rochtana agus CCTV a Phoibliú**


D'fhonn feasacht ar thabhairt isteach an cheadúnaithe sna hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV a chur chun cinn, d'fhorbair an tÚdarás straitéis chumarsáide ilchainéal. Cuireadh tús leis an straitéis i Márta nuair a foilsíodh faisnéis cheadúnaithe do na hearnálacha nua inár ríomhíris, *PSA Watch* agus leanadh leis an straitéis in Aibreán le ríomhphost faisnéise a sheoladh chuig gach conraitheoir cheadúnaithe. I gcaitheamh na míonna dá éis sin, seoladh bileoga faisnéise agus ríomhphoist go dtí breis agus 5,000 eagraíocht idir comhlachtaí poiblí, na 250 cuideachta thráchtála is mó, an Garda Síochána, cumainn tráchtála agus comhlachtaí ionadaíochá eile.

Ina theannta sin, chuir an tÚdarás fógraí nuachtáin sa Sunday Independent agus sa Sunday World mar aon le fógraí raidió ar stáisiúin náisiúnta agus áitiúla ar feadh seachtain amháin ón 1 Deireadh Fómhair 2012. Rinneadh an fógra ar na stáisiúin náisiúnta le linn na seachtaine dar tús an 15 Deireadh Fómhair. Bhí aisfhreagairt mhór fhabhrach le sonrú ó na fógraí raidió agus chruthaigh siad fiosrúcháin iomadúla ón bpobal maidir leis na riachtanais cheadúnaithe.

### **Láithreán Gréasáin**

Leanann láithreán Gréasáin an Údaráis bheith mar ár bpríomhchainéal cumarsáide agus tugadh 128,064 cuairt air in 2012. Méadú 1,809 cuairt é seo i gcomparáid le 2011 agus ba é Deireadh Fómhair an mhí ba ghnóthaí, mar gheall ar thabhairt isteach an cheadúnaithe sna hearnálacha Rialú Rochtana agus CCTV.

## Website Hits 2012



Is é an limistéar is mó ar a dtugtar cuairt ar ár láithreán Gréasáin clár na sealbhóirí ceadúnas conraitheora agus duine aonair. Is uirlis thábhachtach iad na cláir don tionscal agus don phobal araon agus bíonn feidhm thábhachtach acu maidir le comhlíonadh na rialachán ceadúnaithe a chinntiú. Tugadh nach mór 60,000 cuairt ar na cláir le linn 2012 agus is é clár na sealbhóirí ceadúnais duine aonair an clár is mó ar a dtugtar cuairt de na 9 gclár atá foilsithe.

### *Cuairteanna ar Chlár na Sealbhóirí Ceadúnais in 2012*

Clár	Cuairteanna
Sealbhóirí Ceadúnais Aonair	22,799
Conraitheoirí Suiteálaí Trealamh Slándála (Aláirim Ionraidh)	10,819
Sealbhóirí Ceadúnas Conraitheora (Gach Earnáil)	8,089
Conraitheoirí Garda Slándála (Statach)	6,006
Conraitheoirí Doirseora (Áitreabh Ceadúnaithe)	4,845
Conraitheoirí Garda Slándála (Ionad Monatóireachta)	2,527
Conraitheoirí Suiteálaí Trealamh Slándála (CCTV)	2,466
Conraitheoirí Airgead faoi Bhealach	1,159
Conraitheoirí Suiteálaí Trealamh Slándála (Rialú Rochtana)	1,151
<b>Cuairteanna Iomlána</b>	<b>59,861</b>

Tá sé de chuspóir againn láithreán feabhsaithe Gréasáin a fhorbairt in 2013 tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an láithreán Gréasáin in 2012 a leag amach an teimpléad dár láithreán Gréasáin amach anseo. Sa chéad chuid den obair seo, cuirfear fáil ar áis um iarratas ar líne do dhaoine aonair le linn an chéid ráithe de 2013.

### **PSA Watch**

Meán luachmhar is ea PSA Watch, ríomhíris an Údaráis, chun faisnéis a sholáthar ar phríomhimeachtaí, nuashonruithe tábhachtacha agus fógraí móra tionscail do dhaoine ar spéis leo. In 2012, d'eisíomar dhá nuachlitir ríomhírise agus ríomhíris amháin fostaithe. Cuimsíodh réimse fairsing ábhar, lena n-áirítear ceadúnú CCTV agus Rialú Rochtana, Caighdeán Amach Anseo le haghaidh Gardáil Slándála agus Maoirseacht Doirse, comhairle ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus ceadúnú fostaithe CIT.

Déantar na ríomhírisí a scaipeadh ar gach conraitheoir agus duine aonair ceadúnaithe mar aon le hasraonta meán, páirtithe leasmhara tionscail agus páirtithe eile ar spéis leo. Ina theannta sin, foilsítear cóipeanna ar ár láithreán Gréasáin. Scaipeadh an ríomhíris fostaithe ar bhreis agus 12,000 duine aonair, a léirigh 44% de na sealbhóirí ceadúnas aonair. Leanaimid le seoltaí ríomhphoist a bhailiú agus is é an cuspóir atá againn 55% de dhaoine aonair a bhaint amach in 2013.

### **Cumhdach Preasa agus Meán**

Anuas ar na hearraí rialta nuachta a fhoilsítear ar ár láithreán Gréasáin, d'eisigh an tÚdarás ocht bpreaseisiúint le linn 2012. Chuimsigh iad seo earraí ar nós Chomhdháil an PSA, comhiniúchtaí leis an nGarda Síochána agus ionchúisimh le haghaidh sárúithe na nAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí.

Luadh an tÚdarás i réimse meán náisiúnta, áitiúla agus speisialaithe maidir le gnéithe éagsúla dár bpunann. Cé gur chruthaigh ár bpreaseisiúintí agus ár saincheisteanna eile nuachta cuid den spéis seo, cruthaítear an chuid is mó de neamhspleách ar an Údarás agus léiríonn sé suim na meán sa tionscal slándála agus an fheidhm lárnach atá ag an Údarás san earnáil.

## **Comhfhreagras**

In 2012, sholáthair an tÚdarás ábhar le freagra a thabhairt ar 23 ceist pharlaiminteach a cuireadh ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Anuas air sin, d'fhreagair an tÚdarás ar 18 bhfiosrúchán a fuarthas ó ionadaithe poiblí.

Ina theannta sin, freagraíonn an tÚdarás ar fhiosrúcháin ón tionscal, ó na meáin agus ón bpobal. Cuimsíonn na fiosrúcháin gach gné d'obair an Údaráis, mar aon le reachtaíocht, tograí ceadúnaithe amach anseo agus ábhair theicniúla.

## **Spríoc 5: Ár bhFoireann a Fhorbairt**

### **Athstruchtúró Corparáideach**

Leanann ár bhfoireann bheith mar ár sócmhainn is luachmhara. In 2012, thugamar i gcrích cur i bhfeidhm torthaí athbhreithnithe, faoinar tugadh in 2011, ar ár gcleachtais oibre laistigh den eagraíocht d'fhonn seirbhísí níos éifeachtúla a sheachadadh agus taithí ár bhfoirne uile a uasmhéadú.

In 2012, chuir an tÚdarás i gcrích go hiomlán athstruchtúró na heagraíochta, dá dtagraítear i dTuarascáil Bhliantúil 2011, a thug cónascadh an Aonaid Cheadúnaithe Conraitheoirí agus an Aonaid Forfheidhmithe agus an Aonaid Chaighdeán chun deiridh, mar aon le cónascadh an Aonaid Cheadúnaithe Daoine Aonair leis an Aonad Oiliúna agus bhí seirbhísí tacaíochta á soláthar ag Gnóthaí Corparáideacha níos lú don Údarás. Cruthaíodh gur éirigh leis an athstruchtúró go dtí seo, laistigh de na teorainneacha ar acmhainní san Údarás, agus d'fheabhsaigh sé gné chomhtháite ár seirbhíse don phobal agus son earnáil slándála príobháidí. Ina theannta sin, cuireann sé an deis dár bhfoireann a dtaithe a fhairsingiú trí sheirbhís chuimsitheach a sholáthar do chonraitheoirí nó do dhaoine aonair atá ceadúnaithe ag an Údarás.

### **Athshannadh Foirne**

Arís eile in 2012, tugadh chun críche gach athshannta foirne a sainaitníodh agus chríochnaigh na meánbhainisteoirí agus na bainisteoirí sinsearacha an t-aistriú chuig a bhfeidhmeanna nua. Ag deireadh 2012, tá na baill foirne siúd comhtháite go hiomlán ina bhfeidhmeanna nua agus tá taithí níos fairsinge le sonrú i measc na foirne dá thoradh sin.

Fanann athshannadh baill foirne bhreise laistigh de thairseach na heagraíochta agus leanfaidh ár mbeartas soghluaiseacht foirne agus bonn fairsing a sholáthar de thaithí foirne isteach go dtí 2013 agus níos faide amach anseo.

### **Breisoideachas**

Spreagtar an fhoireann chun tabhairt faoi oideachas breise. Tacóidh an tÚdarás leis an bhfoireann seo trí na táillí a pháirtíoc agus freisin trí shaoire staidéir a cheadú. Tá gliondar croí orainn go bhfuil ball foirne amháin ag tabhairt faoi staidéir ar leibhéal clár Céime agus spreagaimid do dhaoine eile amhlaidh a dhéanamh.



## **Spríoc 6: An modh chun comhlíonadh caighdeáin cheadúnaithe a chruthú a athbhreithniú**

### **Samhail Deimhnithe**

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh le linn 2011 agus 2012 ar an modh a chruthaítear comhlíonadh le caighdeáin cheadúnaithe, d'fhógair an tÚdarás go bhfuil sé beartaithe acu caidreamh níos foirmiúla a chruthú idir iad féin agus na comhlachtaí deimhnithe. Is é cuspóir an Údaráis chun feidhm rannpháirteach níos mó a bheith i ndearbhú cáilíochta na n-iniúchtaí comhlíonta ceadúnasbhunaithe.

D'fhorbair an tÚdarás struchtúr nua deimhniú comhlíonta a chuirfidh feabhas ar an gclár ceadúnaithe. I rith 2012, rinneadh socruithe nua conartha a dhréachtú agus a chur faoi bhráid ár gcomhairleoirí dlí. Tá plé ar siúl lenár gcomhairleoirí dlí go fóill agus tá sé beartaithe againn socruithe nua a thabhairt isteach le linn 2013.

In 2012, lean comhlachtaí deimhnithe le faisnéis a sholáthar don Údarás ar neamhchomhlíonadh a deimhníodh le linn iniúchtaí. Cé go bhféadfaí na saincheisteanna seo a réiteach chun shásamh na gcomhlachtaí tráchtála deimhnithe a chumasaíonn eisiúint ceadúnais, cuireann an tÚdarás san áireamh ina bpróifiliú foriomlán riosca den tionscal gur theip ar chuideachta cheadúnaithe ina gcomhlíonadh caighdeán. Cuireann torthaí iniúchta a chorprú isteach sa phróifíl riosca leis na sonraí próifíle a bhailítear ónar n-iniúchtaí féin, iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim ó fhoinsí eile. Ag féachaint chun cinn, cuirfidh an tsamhail riosca ar chumas an Údaráis spríoc a dhéanamh de chuideachtaí ag a bhfuil drochchaighdeáin le breis iniúchtaí agus déanfaidh sí iniúchtaí an Údaráis agus na costais bhainteacha ar an Údaráis ar chonraitheoirí ceadúnaithe comhlíontacha a íoslaghdú mura laghdaíonn sí iad.



**Mír 3:**

**Ár dTuarascáil Airgeadais**

## **Ráitis Airgeadais**

**An t Údarás Slándála Príobháidí**

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012**

#### **ÁBHAIR**

#### **LEATHANACH**

Ráiteas Fhreagrachtaí Bhaill an Údaráis	2
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	3 - 4
An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	5
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	6
Clár Comhardaithe	7
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	8
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	9 – 14


## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ


### RÁITEAS FHREAGRACHTAÍ BHAILL AN ÚDARÁIS

Ceanglaíonn Sceideal 1(4) den Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus ar an Údarás chun ráitis airgeadais a réiteach i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar ag aon am le cruinneas réasúnta suíomh airgeadais an Údaráis, agus a chuireann ar a gcumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Sceideal 1(4) den Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Tá an tÚdarás freagrach, freisin, as rátháíocht a gcuid sócmhainní agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh do chosc agus d'aimsiú caimiléireachta agus mírialtachtaí eile.

Chief Executive:  Date: 30/7/2013

Chairperson:  Date: 30/7/13

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS**

Ar son an Údaráis Slándála Príobháidí, aithnímid, leis seo, ár bhfreagracht lena chinntiú go bhfuil córas oiriúnach rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm san Údarás.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do thosca an Údaráis, ag cur san áireamh a mhéid, a leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus nádúr na n-oibríochtaí. Ní sholáthraíonn na córais dearbhráthaíocht i dtaca le hearráid ábhartha, áfach, agus ní féidir leo sin a dhéanamh.

Tá ag an PSA Cód Rialachais, a chuimsíonn treoirlínte na Roinne Airgeadais agus cuireadh Cód an PSA faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Faigheann Bord an Údaráis tuairisc an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a thugann cuntas mionsonraithe ar chaiteachas a thairfeadtar ar bhonn míosúil in éineacht le hioncam. Déanann an Bord seo a athbhreithniú ag gach cruinniú.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann siad le chéile ag eatraimh rialta le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an bhainistíocht fheidhmeannach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás dóibh chun éifeacht a thabhairt do bheartas agus do chinntí an Údaráis.

Tá an tÚdarás comhlíontach i leith gach treoirlíne ábhartha maidir le fáil agus tá siad ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach creat-chomhaontuithe agus conarthaí.

Ullmhaíodh agus cuireadh i bhfeidhm lámhleabhar gnáthaimh mionsonraithe. Tá ioncam faoi réir imréiteach iomlán agus nuair is féidir sin roinntear dualgais foirne go cuí, ag cur san áireamh na rioscaí a bhaineann leo agus an líon beag foirne. Tá na gnáthaimh shonracha seo a leanas i bhfeidhm le rialú éifeachtach airgeadais a sholáthar:

1. Tá gnáthaimh fhoirmeálta i bhfeidhm do cheannach gach earra agus gach seirbhíse, d'fhaomhadh sonrasc i dtaca le hearraí agus seirbhísí agus údarú i dtaca le hearraí agus seirbhísí. Treisíodh gnáthaimh sa chomhthéacs seo ó am go ham agus cuireadh i bhfeidhm na moltaí sin a d'eascair as iniúchtaí inmheánacha.
2. Ullmhaítear cuntais agus buiséid mhíosúla ar fud na bliana. Ar bhonn ráithiúil, déantar athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta ag Bord an Údaráis. Feidhmíonn an tÚdarás córas ríomhairithe cuntasáochta, atá in ann raon leathan eolais airgeadais agus chuntasáochta a sholáthar.
3. Ullmhaítear buiséid i dtaca le gach bliain agus ullmhaítear ráitis mhíosúla ioncaim agus chaiteachais le comparáid a éascú le figiúirí buiséadta.

4. Tá gnáthaimh rialaithe airgeadais an Údaráis faoi réir athbhreithniú ag rannán iniúchta inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Chríochnaigh rannán iniúchta inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar an PSA in Eanáir 2013, a chuir deimhniú dearfach ar fáil maidir leis an Oifigeach Cuntasaíochta agus don PSA maidir le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais fhoriomláin rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm.

5. Rinneadh an straitéis bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus rinneadh monatóireacht uirthi trí Chlár Bainistíochta Riosca. Déantar athbhreithniú ar an gClár mar bhuancheist ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.

6. Tá ag an Údarás Coiste Iniúchta, a dhéanann athbhreithniú ar obair iniúchta inmheánaigh agus ar an litir bhainistíochta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar an bhfreagairt bhainistíochta. Casann siad le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (in éagmais bainistíochta, nuair is gá) chun plé a dhéanamh ar thoradh an iniúchta sheachtraigh.

Dearbhaím nár thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais mar gheall gur tháinig deireadh lena dtéarma an 4 Nollaig 2012. Ceapfar an Bord nua faoin tréimh ráithe in 2013 agus ceapfar Coiste Iniúchta nua a luaithe a bhíonn an Bord i bhfeidhm.

Chief Executive:		Date:	30/01/2013
Chairperson:		Date:	30/1/13

## **AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

### **AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

#### **BONN NA CUNTASAÍOCHTA**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasáíochta, seachas sna cásanna a dhearbhaítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Glacann na comhlachtaí aitheanta cuntasáíochta leis na Caighdeáin Tuairiscithe, de réir mar a bhíonn siad oibríochtúil.

#### **IONCAM**

Tugtar tuairisc ar ioncam deontais ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ar ioncam táille ceadúnais ar bhonn an airgid a fuarthas. Cé go n-eisítear ceadúnais do thréimhse a shíneann níos faide ná 12 mhí, áirítear ioncam ó tháillí sa bhliain ina bhfaightear an t-airgead.

#### **CAITEACHAS**

Próiseálann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais caiteachas, lena n-áirítear an párolla, agus déantar é a thaifeadadh sna ráitis airgeadais ar bhonn íocaíochtaí airgid.

#### **SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS**

Léirítear sócmhainní seasta ar costas, nó ar luach measta margaidh, lúide dímheas carntha.

Dímheastar sócmhainní seasta ar bhonn líne dhíreach thar a saolré mheasta úsáide ag tosú sa mhí a chuirtear an tsócmhainn chun seirbhíse.

Troscán	10%
Trealamh oifige	20%
Trealamh TF	20%





## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	€	2012 €	€	2011 €
<b>IONCAM</b>					
Deontais an Oireachtais	1		2,129,768		2,040,688
Táillí Ceadúnais	2		<u>2,969,517</u>		<u>2,234,519</u>
			<b>5,099,285</b>		4,275,207
Aistriú ó Cuntas Caipitil	6		<u>31,342</u>		<u>84,668</u>
			<b>5,130,627</b>		<b>4,359,875</b>
 <b>CAITEACHAS</b>					
Costais Foirne	3	1,635,984		1,656,734	
Riarachán	4	<u>512,314</u>		<u>453,348</u>	
		<b>2,148,298</b>		<b>2,110,082</b>	
Glanioncam			<b>2,982,329</b>		2,249,793
Ranníocaíocht leis an Státhiste			<u>2,789,100</u>		<u>2,207,337</u>
<b>Barrachas don tréimhse</b>			<b>193,229</b>		42,456
<b>Barrachas a tugadh anonn</b>			<b>149,890</b>		107,434
<b>Barrachas amhail an 31 Nollaig</b>			<u><b>343,119</b></u>		<u>149,890</u>

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Chief Executive:  Date: 20/7/12  
 Chairperson:  Date: 30/7/12

Leathanach 6

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	€	2012 €	€	2011 €
<b>SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE</b>					
Sócmhainní Seasta	5		17,427		46,126
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>					
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		13,672		8,483	
An Banc agus Airgead Tirim		334,860		154,819	
Stoc		<u>6,200</u>		<u>5,350</u>	
			354,732		168,652
<b>DLITEANAIS REATHA</b>					
Creidiúnaithe agus Fabhráithe		<u>11,613</u>		<u>18,762</u>	
			<u>11,613</u>		<u>18,762</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>			<u>343,119</u>		<u>149,890</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>			<u>360,546</u>		<u>196,016</u>
<b>DLITEANAIS FHADTÉARMACHA</b>					
Cuntas Caipitil	6		17,427		46,126
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			<u>343,119</u>		<u>149,890</u>
			<u>360,546</u>		<u>196,016</u>

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Chief Executive:  Date: 30/7/2013

Chairperson:  Date: 30/7/13

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

<b>Réiteach an bharrachais oibriúcháin go dtí glanairgead insreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	€	€
Barrachas oibriúcháin don tréimhse	193,229	42,456
Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe	35,652	84,854
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	233	237
Aistriú ón gCuntas Caipitil	(31,342)	(84,668)
(Méadú)/Laghdú ar Stoc	(850)	1,498
(Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	(5,189)	5,513
Laghdú ar Chreidiúnaithe agus Fabhráithe	<u>(7,149)</u>	<u>(22,660)</u>
<b>Glaninsreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>184,584</b>	27,230
<b>Glanchaiteachas Caipitil</b>		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(4,543)	(423)
<b>Méadú ar Airgead</b>	<b>180,041</b> =====	26,807 =====

### RÉITEACH GLANSREABHADH AIRGID GO DTÍ GLUAISEACHT I NGLANCHISTÍ/(GLANFHIACHAS)

	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	€	€
Glanchistí amhail an 1 Eanáir	154,819	128,012
Glanchistí amhail an 31 Nollaig	<u>334,860</u>	<u>154,819</u>
Méadú ar Airgead	<u>180,041</u> =====	<u>26,807</u> =====

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid  
lárnach de na ráitis airgeadais seo.**

Chief Executive:  Date: 30/7/2013

Chairperson:  Date: 30/7/13

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2012

	2012 €	2011 €
<b>1. DEONTAS AN OIREACHTAIS</b>		
Vóta 24 – Ceart agus Dlí agus Comhionannas	<b>2,129,768</b>	2,040,688

Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as tuarastail thar ceann an Údaráis.

### 2. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Córas dhá bhliain atá i gceist leis an gcóras ceadúnaithe ina mbíonn tromlach mór na gconraitheoirí dlite lena n-athnuachan i mbliain 1 agus ina mbíonn tromlach mór na ndaoine aonair dlite lena n-athnuachan i mbliain 2. Is mó líon na n-iarratasóirí aonair ach cruthaíonn siad ioncam níos lú ó tháillí ceadúnais. Bíonn ioncam an Údaráis ó tháillí, ar an ábhar sin, athraitheach ar aon dul leis an gcóras ceadúnaithe.

Íoctar ioncam ó tháillí ceadúnais ar bhonn míosúil leis an Státchiste bunaithe ar shuimeanna a fhaigheann an tÚdarás sa mhí roimhe sin.

3. COSTAIS FOIRNE	2012 €	2011 €
Tuarastail agus pána	<b>1,572,090</b>	1,592,494
Taisteal agus cothabháil	<b><u>63,894</u></b>	<u>64,240</u>
	<b>1,635,984</b>	1,656,734

Bhí 36 Ball Foirne fostaithe ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2012 (2011:37).

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

	2012	2011
	€	€
<b>4. RIARACHÁN</b>		
Costais oifige	<b>53,708</b>	61,406
Seirbhísí comhairleoireachta	<b>28,506</b>	24,289
Táillí bhaill an Údaráis	<b>58,140</b>	58,140
Costais dlí	<b>38,331</b>	83,772
Costais chumarsáide	<b>63,454</b>	50,349
Costais oiliúna	-	150
Costais cheadúnaithe	<b>59,083</b>	47,392
Fógraíocht	<b>98,567</b>	2,183
Dímheas	<b>35,652</b>	84,854
Táille iniúchta	<b>7,075</b>	6,225
Eile	<b>7,984</b>	4,350
Táille chuntasaíochta	<b>4,538</b>	4,613
Deisiúcháin agus cothabháil	<b>57,043</b>	25,388
Cailteanas ar dhiúscairt Sócmhainní seasta	<b>233</b>	237
	<b>512,314</b>	453,348

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	<b>Troscán &amp; agus Feistis €</b>	<b>TF Trealamh €</b>	<b>Oifige Trealamh €</b>	<b>Iomlán €</b>
<b>COSTAS</b>				
Amhail an 1 Eanáir	7,454	582,500	43,956	633,910
Breisiúcháin	-	4,543	-	4,543
Coigeartú	-	22,211	2,139	24,350
Diúscairtí	-	(11,576)	-	(11,576)
<b>amhail an 31 Nollaig</b>	<b>7,454</b>	<b>597,678</b>	<b>46,095</b>	<b>651,227</b>
<b>DÍMHEAS CARNACH</b>				
Amhail an 1 Eanáir	3,525	547,387	36,872	587,784
Athrú don tréimhse	1,965	28,526	5,161	35,652
Coigeartú	(1,198)	22,905	-	21,707
Diúscairtí	-	(11,343)	-	(11,343)
<b>amhail an 31 Nollaig</b>	<b>4,292</b>	<b>587,475</b>	<b>42,033</b>	<b>633,800</b>
<b>GLANLUACH LEABHAR</b>				
<b>amhail an 31 Nollaig</b>	<b>3,162</b>	<b>10,203</b>	<b>4,062</b>	<b>17,427</b>
	=====	=====	=====	=====
<b>amhail an 1 Eanáir</b>	<b>3,929</b>	<b>35,113</b>	<b>7,084</b>	<b>46,126</b>
	=====	=====	=====	=====

Thug an tÚdarás faoi fhardal ar gach sócmhainn faoina seilbh in 2012. Léiríonn an coigeartú sócmhainní a fágadh ar lár roimhe seo ó chlár an Údaráis.

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### 6. CUNTAS CAIPITIL

	2012		2011	
	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh		<b>46,126</b>		37,527
Coigeartú <sup>1</sup>		<b>2,643</b>		93,267
Ceannaigh shócmhainne seasta	<b>4,543</b>		423	
Diúscairt Sócmhainní Seasta	<b>(11,576)</b>		(7,404)	
Amúchadh	<b>(35,652)</b>		(84,854)	
An méid a scaoileadh ar diúscairt Sócmhainní Seasta	<b><u>11,343</u></b>		<u>7,167</u>	
Aistriú (chuig)/ón (31,342) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		<b><u>(31,342)</u></b>		<u>(84,668)</u>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		<b><u>17,427</u></b>		<u>46,126</u>

<sup>1</sup> Léiríonn seo an glanchoigeartú a d'eascair ó athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár sócmhainní seasta, amhail a léirítear i Nóta 5.

### 7. PINSIN

Rinneadh gach duine d'fhoireann an Údaráis a fháil ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Comhlíonfar dliteanais phinsin na foirne siúd i Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir agus ní dhearnadh aon soláthar sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais seo.

### 8. BORD ACHOMHAIRC NA SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

Bunaíodh Bord Achomhairc na Slándála Príobháidí chun éisteacht le hachomhairc i leith chinntí an Údaráis agus chun iad a dheimhniú. Is éard atá sa Bhord Achomhairc triúr ball agus Cathaoirleach. Ceapann an Rialtas an Bord Achomhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as na costais a thabhaíonn an Bord agus ní léirítear iad i ráitis airgeadais an Údaráis.

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### 9. TOBHACH PINSIN

Is iad costais tuarastail a áirítear sa chuntas seo na hollchostais a bhfuil ar an Údarás íoc astu don tréimhse. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn laghduithe ar an tobhach pinsin, i gcomhréir le hAlt 2(3) den Acht um Beartha Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coimeádann siad iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin.

B'ionann seo agus (€88,173 in 2012) (2011: €90,220).

### 10. LEAS BHAILL AN ÚDARÁIS

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag baill agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. Níorbh aon idirbheartaíochtaí sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag baill.

### 11. NÓTA CÓIRÍOCHTA

Oibríonn an tÚdarás ó chóiríocht ag Sráid an Dáibhise, Baile Thiobraid Árann, a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil saor in aisce.

### 12. TÁILLÍ BHAILL AN BHOIRD

Íocadh táillí €58,140 le baill an bhoird maidir le 2012 (2011: €58,140) mar seo a leanas:

	<b>2012</b>
<b>Ainm</b>	<b>€</b>
Ronan King (Cathaoirleach)	11,970
Ann Reid	7,695
Bill Brown	7,695
Kevin McMahon	7,695
Martin Stairs	7,695
Michael O'Keeffe	7,695
Ronan Maguire	<u>7,695</u>
	<b><u>58,140</u></b>

Íocadh táillí taistil agus cothabhála €4,785 le baill den bhord maidir le 2012 (2011: €4,915) i gcomhréir le rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse.



### **13. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Is éard a bhí i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh le haghaidh 2012, buntuarastal bliantúil €111,828 (2011: €113,922). Anuas air sin, fuair an Príomhfheidhmeannach €7,376 maidir le costais taistil agus cothabhála in 2012 (2011: €7,754) i gcomhréir le rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse. Ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha scéim aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíocht bhunaithe in 2012.

### **14. TÁILLÍ FORFHEIDHMITHE**

B'ionann táillí forfheidhmithe le haghaidh neamhchomhlíonadh rialacháin an Údaráis agus €350 in 2012 (2011: €9,837). Tá cuntas ar na táillí seo in ioncam ó tháillí ceadúnais.

### **15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

30 24 2012



# Aguisíní

## AGUISÍN 1

### Cairt Eagrúcháin

<b>Cairt Eagrúcháin don Údarás Slándála Príobháidí amhail an 31/12/2012</b>			
<b>Geraldine Larkin Príomhoifigeach Feidhmiúcháin</b>			
<b>Gnóthaí Corparáideacha agus Oiliúna</b>	<b>Ceadúnú Daoine Aonair</b>	<b>Ceadúnú Conraitheoirí agus Stiúrthóireacht Chonraitheoirí</b>	<b>Caighdeán agus Cumarsáid</b>
<i>Seirbhísí Corparáideacha/ Cóiríocht/ Riarachán/ Airgeadas  Forbairt Oiliúna</i>	<i>Ceadúnú Daoine Aonair</i>	<i>Ceadúnú Conraitheoirí agus Comhlíonadh Conraitheoirí</i>	<i>Forbairt Caighdeán  Cumarsáid</i>
Pat Gooley Josephine Crowe Breda Burke Norah Lonergan Kathleen McGlynn George O'Neill	Seamus Burke Siobhán Carew Mary Rose Kinane David McGuinness Breda Ryan Kathleen Ryan Bernie Ryan Noreen Hogan Anne Breheny Nano Ryan Mary Ryan Maria Cagney Eilish McCormack	Maeve Hogan Paul Scallan Rosie Cunningham Jerry Cotter Patricia Quirke Margaret Donovan Lynda O'Sullivan Ann Lonergan Liz Maher Kay McAuliffe Edward Gannon Joseph Reilly Damien Travers	Jim O'Neill Mary Davern Sandra Quirke

## AGUISÍN 2

### Tuarascáil Fuinnimh

#### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2012

Seanfhoirgneamh athchóirithe is ea foirgneamh an Údaráis a chomhlíon roinnt feidhmeanna sna 100+ bliain atá sé tógtha, lena n-áirítear feidhmiú mar bheairic RIC, oifigí Rialtais agus Stáisiún Gardaí.

In 2012, ba iad go fóill foinsí na príomhúsáide fuinnimh san Údarás ola téimh agus leictreachas do shoilsiú agus d'úsáidí eile, amhail a bhí an cás in 2011. D'aistrigh an tÚdarás chuig a bhfoirgneamh reatha in 2008 agus dearadh an foirgneamh agus aird ar éifeachtúlacht fuinnimh. Is iad na bolgáin solais a úsáidtear bolgáin atá coigilteach ar fhuinneamh agus tógadh agus suiteáladh Córas Bainistíochta Foirgneamh (BMS) atá éifeachtúil agus nua-aimseartha sular aistrigh an tÚdarás chuig an bhfoirgneamh. In 2012, d'fheabhsaigh an rátáil Fuinnimh don fhoirgneamh ó rátáil C2 in 2011 go dtí rátáil C1, atá os cionn an mheáin le haghaidh a leithéid d'fhoirgnimh den saghas seo, agus léiríonn seo tiomantas an Údaráis do chlár coigilte fuinnimh an Rialtais le haghaidh fhoirgnimh an Rialtais.

Cuimsítear thíos úsáid bhliantúil fuinnimh fhoirgnimh an Údaráis i gcomparáid leis an ngnáthúsáid fuinnimh i gcás a leithéid d'fhoirgneamh sa tábla thíos:

<i>An Foirgneamh Seo</i>	
Neamhleictreach (kWh/m <sup>2</sup> /yr)	Leictreach (kWh/m <sup>2</sup> /yr)
109	124
<i>A leithéid d'Fhoirgneamh den Saghas Seo</i>	
Neamhleictreach (kWh/m <sup>2</sup> /yr)	Leictreach (kWh/m <sup>2</sup> /yr)
197	256

Lean an Fhoireann Fuinnimh le tionscnaimh choigilte fuinnimh a chomhlíonadh agus a thabhairt isteach in 2012 mar chuid den tionscnamh “Optimising Power @ Work” atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Níl aon áis ag an Údarás chun úsáid a bhaint as breoslaí in-athnuaite.

### **Gníomhartha faoinar tugadh in 2012**

Is éard atá san Fhoireann Fuinnimh an tOifigeach Fuinnimh agus triúr ball foirne eile. Mar gheall ar an dul chun cinn a rinneadh in 2011, thit cruinnithe amach gach mí le linn mhíonna an gheimhridh, seachas gach coicís agus thug siad faoi líon tionscnamh ina mbeadh an fhoireann rannpháirteach i bhfuinneamh a shábháil ar fud an fhoirgnimh.

Is é cuspóir an Údaráis go fóill chun úsáid a laghdú d'fhigiúirí dúbailte i dtaobh céatadáin de. Beidh seo ina dhúshlán mór i bhfianaise na dea-rátála fuinnimh agus na n-ábhar coigilte fuinnimh a úsáideadh cheana féin san fhoirgneamh.

### **Gníomhartha atá ar na bacáin le haghaidh 2013**

Leanfaidh an Fhoireann Fuinnimh le bealaí nua a aimsiú chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú in 2013 agus leanfaidh siad ag dlúthoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí. Sa chás go nglacaimid leis nach mbuailfear sinn le geimhreadh dian, táimid muiníneach gur féidir coigiltí a bhaint amach, ach mar gheall ar na hiarrachtaí atá déanta go dtí seo, mar aon leis na hábhair agus an trealamh atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh atá laistigh den fhoirgneamh, bheadh an chuma air go bhfuil tromlach na gcoigiltí bainte amach againn cheana féin. Ba í rannpháirtíocht thiomanta fhoireann an Údaráis an phríomhchúis leis an rátáil spreagúil fuinnimh a bhain an tÚdarás. Leanfaidh seo ar aghaidh in 2013 agus dá éis sin.